

GAILEARAÍ
NÁISIÚNTA^{na}
hÉIREANN

NATIONAL
GALLERY^{of}
IRELAND

Tuarascáil Bhliantúil

2018





Tuarascáil Bhliantúil

2018

GAILEARAÍ
NÁISIÚNTA^{na}
hÉIREANN



NATIONAL
GALLERY^{of}
IRELAND



- \\ An tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Seosaimhín Ní Mhadagáin ag labhairt di ar ócáid sheoladh *Infheistíocht a Dhéanamh inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027*, cuid de *Thionscadal Éireann 2040 - Todhchaí Éireann a Thógáil*, i Seomra Shaw an Ghailearaí, Aibreán 2018.

Contents

Réamhrá	05
Réamhrá an Chathaoirligh	07
Athbhreithniú an Stiúrthóra	10
Ráiteas Misin	16
Sracfhéachaint ar an mBliain	19
Bailiúcháin & Taighde	26
Buaicphointí na Saothar Faighte 2018	27
Taispeántais	44
Cúram a Dhéanamh den Bhailiúchán, Príomhthionscadail	60
Rannpháirtíocht Phoiblí	65
Finding Power, Joe Caslin	66
Go Déanach ar an Déardaoin	67
Caravaggio 25	69
Inrochtaineacht	70
Forbairt, Tiomsú Airgid & Cairde	71
Cairde	73
Seirbhísí Corparáideacha	74
Cúrsaí Tráchtála	77
Acmhainní Daonna	78
Cúrsaí Airgeadais	80
Ráitis Airgeadais	81
Aguisíní	127
Saothair Faighte 2018	128
Iasachtaí 2018	138
Liosta Foirne 2018	141



Leabharlannaí Cúnta agus Cúntóir Siopa páirtaimseartha, Iain Wynn-Jones, ag amharc tríd na cairn Leabharlainne.



Réamhrá



Chun tosaigh ó chlé: Jacqueline Hall, James English, Michael Cush (Cathaoirleach), Mary Keane (Leas-Chathaoirleach), Vivienne Roche.

Ar chúl ó chlé: Gary Jermyn, Ann Prendergast, Barney Whelan, Lesley Tully, Patricia Golden (Stiúrthóir ar Sheirbhísí Corparáideacha), Lynda Carroll, Sean Rainbird (Stiúrthóir), Abigail O'Brien, Peter Michael Kennedy.

Seo a leanas na comhaltaí boird nach bhfuil sa ghrianghraf:

Suzanne Macdougald, Margaret Glynn, Maurice Buckley, Bernie Brennan agus Owen Lewis.

Réamhrá an Chathaoirligh

Tar éis don Ghailearaí athoscailt iontach na sciathán athchóirithe a sheoladh i samhradh 2017, ba é aidhm na bliana 2018 ná borradh a chur faoin dul chun cinn mar thoradh ar an rath ar dóigh sin.



MICHAEL CUSH AS

\\ Cathaoirleach,
Gobharnóirí
& Caomhnóirí
Ghailearaí Náisiúnta
na hÉireann.

Reáchtáladh uainchlár iomlán taispeántas – trí cinn déag san iomlán – agus lena hais sin, cuireadh clár leathan imeachtaí agus gníomhaíochtaí oideachasúla faoi bhráid an phobail.

Ar na taispeántais a bhí againn, bhí suirbhéanna ar obair Emil Nolde, Roderic O'Connor agus Canaletto. San áireamh lenár dtaispeántais saothar ar pháipéar, bhí sraith saothar nua le Niall Naessens, agus iad faoi anáil Turner, agus chuir na saothair sin go mór lenár dtaispeántas bliantúil Turner. Ag deireadh na bliana, d'osclaíomar taispeántas beag, ar chomhoibriú é le Tithe an Oireachtais, agus é tiomnaithe do Constance Markievicz, an chéad bhean a toghadh riamh ar Pharlaimint na Ríochta Aontaithe agus an chéad bhean riamh a bhain suíochán amach sa Dáil. Leanadh den tsraith cuimhneachán ar an gCéad Chogadh Domhanda nuair a reáchtáladh 'Perspectives: World War I Stories from the National Gallery of Ireland' i Samhain i Seomra Léitheoireachta Sir Denis Mahon, Uimh. 90 Cearnóg Mhuirfean.

Tar éis sé bliana a raibh an Gailearaí den chuid is mó dúnta lena linn, bhí siad in ann leas a bhaint ansin as an réimse iomlán áiseanna a bhí ar fáil sna ceithre sciathán ina n-íomláine. Ós rud é go bhfuil an maoiniú poiblí le haghaidh costais reatha an-íseal anois i gcomparáid le deich mbliana ó shin, tá an Gailearaí tar éis a chlár Comhpháirtithe Corparáideacha a leathnú d'fhonn páirtithe a mhealladh chun an Gailearaí a mhaoiniú, agus d'fhonn tacaíocht dá ghníomhaíochtaí a láidriú. Dhírigh sé níos géire freisin ar ioncam tráchtála a fhorbairt chun tacú le spriocanna ealaíonta an Ghailearaí. Anuas air sin, tá an Rialtas tar éis a ghealladh go ndéanfaidh sé caiteachas dúbailte i réimse na n-ealaíon, agus tá an Gailearaí ar bís le tairbhe a bhaint as an athrú sin ar chúrsaí.

In Aibreán, d'fhógair an Rialtas an tionscnamh nua, 'Infheistíocht a Dhéanamh inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027', plean don bhonneagar cultúir mar chuid de Thionscadal Éireann 2040. D'óstáil Gailearaí Náisiúnta na hÉireann a sheoladh sa láthair iontach nua, an Seomra Shaw. Tá an Rialtas tar éis €460 milliún a ghealladh thar thréimhse deich mbliana faoi chomhair oibreacha caipitiúla sna hinstiúidí cultúrtha náisiúnta. Áiríodh leis sin €54 milliún a sannadh don Ghailearaí chun a Mháistirphlean Forbartha a thabhairt chun críche.

Cé go bhfuil gach ceann de na ceithre sciathán ar oscailt faoi láthair, tá neart le déanamh fós chun Máistirphlean Forbartha an Ghailearaí a chríochnú. Ó bhí fómhar 2017 ann, tá an Gailearaí curtha faoi réir chun leanúint den dul chun cinn sin, agus chun cur lena baineadh amach nuair a críochnaíodh na chéad trí chéim oibre, rud a bhí mar thoradh ar chomhar rathúil leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, le hOifig na nOibreacha Poiblí agus le haitirí Heneghan Peng.

Is den rithábacht don Bhord é an Máistirphlean Forbartha a thabhairt chun críche. Dar linn, is deis é seo nach mbeidh ann ach uair amháin sa ghlúin chun tionchar cinntitheach a imirt ar an nGailearaí don todhchaí agus chun na háiseanna uile don phobal agus do 'chúl an tí' a sholáthar, atá riachtanach i músaem comhaimseartha. Anuas ar sheirbhísí teicniúla a chomhcheangal tuilleadh agus bealach rochtana poiblí i mbarr airde idir an dá bhealach isteach a chur ar fáil, beidh trí phríomhthairbhe i gceist. Teastaíonn áiseanna ón Rannóg Caomhantais le gur féidir léi a hobair a dhéanamh agus Ionad Barr Feabhais don Chaomhantas a chur ar fáil. Tabharfar spásanna tiomnaithe don Rannóg Oideachais chun a cláir iontacha a chur faoi bhráid an tsaoil. Gheobhaidh an leabharlann agus cartlann is mó in Éirinn stórais agus seomraí léitheoireachta, a mbeidh rochtain ag an bpobal orthu, chun na bailiúcháin sin a chur ar a shuíle do gach duine. Ba choinníoll den dul chun cinn é go leagfadh an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta síos na nósanna imeachta agus grúpaí oibre inmheánacha cuí le go bhféadfadh caiteachas a bheith údaraithe de réir an Chóid Caiteachais Phoiblí. Bhí an Gailearaí ag fanacht go gcuirfí na cúrsaí sin i bhfeidhm i rith na bliana.

Theastaigh comhdhlúthú laistigh den Ghailearaí féin ionas go socródh na baili foirne iomadúla isteach, a earcaíodh san eagraíocht ó bhí an athoscailt ann. Tá na bainisteoirí sinsearach tar éis a bheith ag obair go dlúth leis an rannóg Acmhainní Daonna agus na bainisteoirí rannóige chun oiliúint riachtanach inmheánach a sholáthar agus chun an deis a thabhairt don fhoireann, dul i gcion ar a ngairmréimeanna féin trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Tionscnaíodh suirbhé ar rannpháirtíocht foirne i dtreo dheireadh na bliana, agus sholáthair sin an-chuid eolais a bhí criticiúil agus dearfach araon, agus a bhí mar bhonn agus thaca ag éiteas an Ghailearaí mar láthair ina bhfuil bród ar dhaoine a bheith ag obair.

Leagann an Bord béim i gcónaí ar ardchaighdeán rialachais chorparáidigh mar ghné lárnach d'oibríochtaí uile an Ghailearaí. Bliain amháin tar éis don Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann an creidiúnú SWiFT 3000 a bhronnadh ar an nGailearaí as barr feabhais sa rialachas corparáideach, rinneadh an Gailearaí a athmheas agus bhain sé scór níos airde fós amach. Cloíonn an Bord leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit, arna leasú le déanaí agus arna fhoilsiú ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2016. Tá barr a láidreachta bainte amach ag an mBord anois, agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird uile as a léargais ghafa agus as an gcion atá déanta acu ar mhaithe leis an mBord agus i gcruinnithe coiste, agus as a rannpháirtíocht dhíograiseach i neart gníomhaíochtaí sa Ghailearaí. Sa bhliain seo inar tarraingíodh go leor airde ar ócáid céad bliain ó thosaigh mná ag glacadh páirt ghníomhach sa saol polaitiúil, is fiú a thaifeadadh gur mná iad tromlach Ghobharnóirí agus Chaomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann faoi láthair.

Michael Cush AS

CATHAOIRLEACH, GOBHARNÓIRÍ & CAOMHNÓIRÍ GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN

Athbhreithniú an Stiúrthóra

Ba é aidhm na bliana 2018 ná tairbhe a bhaint as na gaiscí agus dúshlán iomadúla a bhí ann mar thoradh ar athoscailt na sciathán stairiúil i samhradh 2017, agus aghaidh a thabhairt orthu.

I rith na tréimhse ó Mheitheamh 2017 go dtí Meitheamh 2018 tar éis na hathoscailte, rinneamar breis is milliún cuairteoir a chlárú. Ar ndóigh, tar éis an bhorrtha spéise a bhí ann i dtosach sna sciatháin athchóirithe Dargan agus Milltown, gan trácht ar an gclós nua iontach idir eatarthu, shocraigh líon na gcuairteoirí síos le himeacht na bliana. Thug breis is trí cheathrú milliún duine cuairt ar an nGailearaí le linn na bliana féilire. Is é an Gailearaí fós an taitneamhacht chultúrtha saorhead isteach is mó sa tír a mheallann daoine. Anuas air sin, tá líon Chairde Gailearaí Náisiúnta na hÉireann méadaithe faoi dhó ó bhí an athoscailt ann.

Ós rud é go bhfuil na ceithre sciathán faoi lán seoil anois, agus go bhfuil níos mó foirne ann chun freastal ar na riachtanais bhainistithe mhéadaithe, is follasach go bhfuil srianta fós sna codanna den fhoirgneamh nach bhfuil críochnaithe fós mar chuid den Mháistirphlean Forbartha. Is ann fós d'athruithe leibhéil idir na sciatháin, agus ciallaíonn sin gur cúis imní i gcónaí an inrochtaineacht i gcás cuairteoirí áirithe, gan trácht ar bhogadh saothar ealaíne ó áit go háit.

SEAN RAINBIRD

Stiúrthóir /
Gailearaí Náisiúnta
na hÉireann.



Tá an rochtain idir na bealaí isteach trína chéile agus míshásúil fós, agus beidh sin amhlaidh go dtí go dtógfar bealach nua mar chuid den Mháistirphlean Forbartha. Tá an Rannóg Caomhantais fós ag oibriú i láithreacha sealadacha. Tá an Leabharlann & Cartlann Ealaíne, an ceann is mó in Éirinn, ar lánacmhainn faoi láthair agus níl rochtain ach ar chuid di. Tá spásanna coinníollacha á n-úsáid ag an Rannóg Oideachais le gur féidir léi a gníomhaíochtaí iontacha a roinnt le thart ar 100,000 rannpháirtí.

Beidh na dúshláin sin uile réitithe tar éis don Mháistirphlean Forbartha a bheith curtha i gcrích. Ní bhainfidh an Gailearaí barr a chumais amach go dtí go mbeidh an chéim dheiridh curtha i bhfeidhm, agus is amhlaidh atá freisin i gcás na n-áiseanna atá ar oscailt don phobal agus na n-áiseanna 'chúl an tí'.

Is deis é an Máistirphlean Forbartha críochnaithe nach mbeidh ann ach uair amháin sa ghlúin seo, chun áis den scoth a dhéanamh den Ghailearaí, a chomhlíonfaidh na caighdeáin idirnáisiúnta is airde, agus a thabharfaidh a gceart do cháilíocht na mbailiúcháin agus ár dtaispeántas. Beidh críochnú an Mháistirphlean Forbartha mar dhlaoi mhullaigh ar an snáithe feabhsaithe agus leathnaithe ar cuireadh tús leis nuair a athdhearadh an sciathán ó ré na 1960idí go luath sna 1990idí, tar éis bhronnadh an tsaothair iontaigh Beit ar ainmníodh an sciathán sin ina dhiaidh. Is céim ar aghaidh an Máistirphlean Forbartha tar éis oscailt Sciathán na Mílaoise in 2002, ar tharla an tionscnamh máistirphlean mar thoradh air sna blianta ó shin. Den chéad uair, bhreathnaíomar ar eastát an Ghailearaí ar bhealach iomlánaíoch, agus bheartaíomar faoi dheireadh is faoi dheoidh na seirbhísí teicniúla agus na taitneamhachtaí poiblí a athchóiriú agus a chomhcheangal le chéile. B'athrú ó bhonn an Máistirphlean Forbartha i gcomparáid leis an gcur chuige píosa ar píosa a bhíodh ann riamh anall. Is tionscadal é is fiú a thabhairt chun críche.

Mar a luadh i dTuarascáil Bhliantúil 2017, tá an Gailearaí ullamh le dul chun cinn a dhéanamh ó rinneadh na sciatháin stairiúla a athoscailt. Ghlacamar go fonnmhar le fógra an Rialtais go mbeadh maoiniú suntasach nua ar fáil le haghaidh bonneagar cultúrtha i gcáinainéis fhómhar 2017, agus chuireamar fearadh na fáilte roimh an Taoiseach Leo Varadkar agus na hAirí Pascal Ó Donnchú, Seosaimhín Ní Mhadagáin agus Seosamh Mac Aodha chuig an Seomra Shaw ar an 10 Aibreán 2018 chun an plean **'Infheistíocht a Dhéanamh inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027'** a sheoladh mar chuid de **Thionscadal Éireann 2040**.

San fhiontar uaillmhianach seo, tá amlíne infheistíochta deich mbliana leagtha amach le haghaidh tionscadail chaipitiúla sna hinstiúidí cultúrtha náisiúnta. Bhí ar an nGailearaí fanacht go mbeadh na struchtúir agus nósanna imeachta cuí curtha ar bun sa Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta sula mbeidís in ann an tionscadal Máistirphlean Forbartha a bhrú ar aghaidh.

Lasmuigh de bhrící, moirtéal, gloine agus seirbhísí a gcuid foirgneamh, is orgánach beo atá i ngailearaí. Déanann ár mbaill foirne ardtiomanta cúram dár gcuaríteoirí; díríonn siad ar a bhforbairt ghairmiúil féin; soláthraíonn siad deiseanna ar líne agus ar an láthair araon, chun a bheith rannpháirteach, taitneamh a bhaint as imeachtaí, oideachas a chur ar fáil agus siamsa a dhéanamh; déanann siad machnamh ar an gcaoi is fearr na bailiúcháin a leathnú, a chur in iúl, a thaispeáint, taighde a dhéanamh orthu agus cúram a dhéanamh díobh; agus smaoiníonn siad ar na saothair is féidir linn a fháil ar iasacht chun lucht spéise níos fairsinge a ghnóthú dár mbailiúcháin féin trí thaispeántais shealadacha a chur ar siúl.

Is é a chuireann leis na gníomhaíochtaí uile úd, agus atá ina bhonn leo, ná soláthar faisnéise in an-chuid foirmeacha, go háirithe ar neart ardán digiteach, idir mheáin shóisialta agus bhunachair bhailiúcháin. Tá clár 'iasachtaí amach' againn a thacaíonn le tionscadail uaillmhianacha institiúidí Éireannacha agus idirnáisiúnta, agus a aithníonn san am céanna gur bunchloch í an chómhálartacht de thaispeántais shealadacha a chruthú sa Ghailearaí féin agus in institiúidí comhpháirtíochta.

Tá spreacadh curtha inár gclár taispeántas ó thús 2017, agus cuimsíonn sé anois meascán de thaispeántais shealadacha agus mórtaispeántais iomráiteacha. Is é aidhm na dtaispeántas sin an bailiúchán a chur os comhair an phobail agus ealaíontóirí a thabhairt isteach sa Ghailearaí nár taispeánadh a saothair in Éirinn go dtí seo ach go fíorannamh. Chuir an taispeántas Emil Nolde leis an dá shaothar dá chuid atá inár mbailiúchán cheana, agus ba é a aidhm ná aird a tharraingt ar na gaiscí gairmréime a bhí ag an ealaíontóir conspóideach seo as an nGearmáin. Tacaí díocasach faille an tSóisialachais Náisiúnta ba ea Nolde, ach duine, ag an am céanna, ar chuir na Sóisialaithe Náisiúnacha ina leith gur 'spreasán' a bhí ann, rud a shlánaigh a ghairmréim tar éis an Chogaidh. Ós rud é go bhfuil bailiúchán láidir pictiúr le Jack B. Yeats sa Ghailearaí cheana, is féidir taitneamh a bhaint as saothair ealaíontóirí eispriseanaíochacha eile amhail Nolde ar bhonn sainléargas atá thar a bheith Éireannach. I gcás Roderic O'Connor, cé gur rugadh in Éirinn é, chaith sé an chuid is mó dá ghairmréim sa Fhrainc.

Cuireadh taispeántas ar dóigh ar siúl, inar díródh ar an dá bhliain déag a chaith sé in Pont-Aven na Briotáine, agus dá bharr sin, ní amháin gur cuireadh i mbéal an phobail é i gcomhthéacs ealaíontóirí mór le rá eile na linne úd, mar shampla, Vincent van Gogh agus Paul Gauguin, ach tarraingíodh aird freisin ar a dhlúthchaidream le healaíontóirí eile nach raibh an oiread sin clú orthu in Éirinn, an t-ealaíontóir Eilvéiseach Cuno Amiet ina measc.

Níos déanaí sa bhliain, eagraíodh an dara comhar dár gcuid le hlontaobhas an Bhailiúcháin Ríoga (tar éis an taispeántais líníochtaí le Leonardo da Vinci in 2015), agus mar thoradh air sin, tugadh go Baile Átha Cliath sraith iontach pictiúr agus saothar ar pháipéar le Canaletto agus ealaíontóirí Veinéseacha ón ochtú haois déag. Bhí áthas an domhain orainn a bheith ag obair i gcomhpháirt leis an mBailiúchán Ríoga agus táimid ag súil le hobair leis arís sa todhchaí.

Is uaillmhian tosaíochta de chuid an Ghailearaí é cláir nuálacha mhealltacha a thairiscint, mar is léir ó na samplaí thuas. Is taispeántas é Gradam Portráide Zurich ina léirítear gearrliosta a roghnaíodh as breis is 350 iontráil seolta isteach ag ealaíontóirí ar fud na tíre agus níos faide ar shiúl. Is tionscnamh fómhair rialta é a bhfuil an-tóir air, agus meallann sé raon éagsúil iontrálacha ón bpobal. Rinne Jack Hickey, buaiteoir 2017, portráid choimisiúnaithe den Phaiteolaí Stáit, an tOllamh Marie Cassidy, agus tá an saothar sin críochnaithe anois agus ina chuid den bhailiúchán. Nuair a dhéantar saothair a athfhionnadh, is deis é sin freisin saothair atá cailte le fada a chur ar a shuíle arís don phobal. Is amhlaidh a bhí i gcás na taisce líníochtaí le Frans Post, ealaíontóir Ísiltíreach ón seachtú haois déag a chruthaigh sraith saothar bunaithe ar ainmhithe andúchasacha agus fiadhúlra na Brasaíle le linn dó a bheith ann ar mhisean oifigiúil sna 1640idí láir.

Tá réimse leathan clár poiblí agus gníomhaíochtaí oideachasúla á thairiscint ag an Rannóg Oideachais chun tacú leis an gclár taispeántas ach freisin chun cur le gach réimse gníomhaíochtaí sa Ghailearaí.

Tacaíonn comhghleacaithe na Rannóige sin le teagasc na healaíne i scoileanna agus ollscoileanna, agus anuas ar chabhrú le múinteoirí a ranganna a ullmhú, freastalaíonn siad ar chuirteanna de gach saghas ó scoileanna agus ollscoileanna i dtaca le taispeántais shealadacha agus imeachtaí léirithe bailiúcháin. Baineann sainchúram an Ghailearaí leis an tsochaí ina hiomláine, agus bímid i gcónaí ag dréim lenár scóip a leathnú. Dá bharr sin, ar na gníomhaíochtaí iomadúla a thairg an Gailearaí do ghrúpaí éagsúla i mbliana, bhí cinn don phobal LADTC+, ceardlanna do theaghlaigh agus do pháistí ar aois a ceathair go dtí a deich chun tacú le daoine le fadhbanna céadfacha, ranganna d'aosaigh agus ranganna foghlama ar feadh an tsaoil, agus tionscadail i gcomhar le páirtithe ar leith. I mbliana, chuireamar comhar rathúil i bhfeidhm le hAmharclann na Mainistreach agus Ospís Leanaí LauraLynn. Ba shraith cainteanna é 'Nolde: In the Community', a eagraíodh ar fud na tíre, lenar áiríodh Corcaigh, an Clár, Maigh Eo, Liatroim, Laois agus Cill Mhantáin. Chun deireadh a chur leis an tsraith, chuir mic léinn ón gcúrsa Artlink i gColáiste Pháirc Roslyn taispeántas saothar bunaithe ar obair Nolde ar siúl i Stiúideo na Mílaoise.

Is tosaíocht leanúnach don Ghailearaí í inrochtaineacht de gach cineál. Tugadh obair ar bheartas inrochtaineachta agus plean gníomhaíochta ilbhliantúil chun críche ag deireadh na bliana, agus tá sin le cur i bhfeidhm sa tréimhse 2018–2021.

Is príomhghníomhaíocht é saothair a fháil; is orthu sin a bhíonn saibhreas an bhailiúcháin ag brath agus cruthaíonn siad comhthéacsanna nua le haghaidh saothair atá i seilbh an Ghailearaí cheana féin. Ar an gcaoi chéanna, bímid ag freagairt don mhargadh agus ag déanamh grinnsaidéar ar réimsí nua a ligfidh dúinn an bailiúchán a fhorbairt. I rith na bliana, dhearbhaigh an Bord gur chóir don Ghailearaí breathnú níos géire ar fhorbairtí san fhichiú haois, go háirithe le fiche ná tríocha bliain anuas. Is athrú béime é sin i gcomparáid le blianta roimhe seo. Is léiriú é ar dhearcadh atá ag an-chuid ealaíontóirí, gur dlúthchuid iad de chontanam seachas a bheith gan aon cheangal le stair ealaíne an iarthair. D'fhéachamar freisin ar an gcaoi a n-oibríonn ealaíontóirí agus na meáin a bhíonn in úsáid acu, agus shocraíomar ansin sainchúram an Ghailearaí a leathnú chun an ghrianghrafadóireacht a chur san áireamh. Is iondúil go mbíonn aird ar leith á díriú ar réimse spéise atá á thabhairt isteach as an nua. Tá an Gailearaí tar éis a aird a dhíriú ar shaothair le grianghrafadóirí Éireannacha, nó ar shaothair aon ghrianghrafadóirí a bhfuil Éire mar bhunábhar a gcuid oibre acu. Tá rún ag an nGailearaí freisin priontaí a fháil le healaíontóirí Éireannacha, a rinneadh le blianta beaga anuas.

Tá pictiúr tírdhreacha sách nua ó 2017 le healaíontóir Éireannach mór le rá, Martin Gale, sa bhailiúchán, agus ceann eile, *From Cogan's Shed* (2004) le Nick Miller, agus cuireadh dhá phictiúr eile leis an mbailiúchán ó shin le Tony O'Malley (1913–2003), a bhaineann leis an tréimhse luath St Ives. Ceannaíodh luathshaothar tírdhreacha Nua-Eabhrac leis an ealaíontóir clúiteach Meiriceánach Alice Neel (1900–1984), agus fuarthas bronntanas cúig phictiúr ón tréimhse 1926–1989 leis an ealaíontóir, éimigré Ostarach Marie-Louise von Motesiczky (1906–1996), a chuir le bailiúchán péintéireachta Eorpaí an Ghailearaí. Buaicphointe ar leith an bhliain seo ná saothar Sir John Lavery, *Her First Communion* (1902), a fháil, le tacaíocht ó Chairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a rabhamar an-bhuíoch aisti.

Chuireamar dhá ghrianghraf ón naoú haois déag le Francis Edmond Currey agus Julia Margaret Cameron leis an réimse nua seo dár mbailiúchán, agus ina dhiaidh sin, fuaireamar sraith grianghraf ó na 1960idí láir, a thóg an grianghrafadóir Meiriceánach Erich Hartmann, a rugadh sa Ghearmáin, le linn dó a bheith ar cuairt go hÉirinn. Cuid díobh sin, baineann siad le tionscadal gan fóir, a bhí dírithe go sonrach ar Bhaile Átha Cliath mar a chuir James Joyce síos air. Ag tús na bliana, fuarthas grúpa priontaí agus línóchtaí le Niall Naessens trí iad a cheannach go páirteach, agus mar bhronntanas flaithiúil ón ealaíontóir freisin; taispeánadh iad sin i dteannta an taispeántais bhliantúil Turner. Cuireadh grúpa priontaí agus línóchtaí le Hilda Geralda van Stockum (1908–2006) leis an mbailiúchán tar éis a bheith fágtha le huacht, agus cheannaigh an Gailearaí grúpa saothar ar pháipéar le William Crozier (1930–2011), na saothair is suntasaí in aon bhailiúchán poiblí, a bhaineann leis an tréimhse 1959–1997. Tar éis dúinn roinnt mhaith portfóilíonna a fháil ón Graphic Studio le déanaí, fuair an Gailearaí grúpa priontaí arna bhfoilsíú ag Stoney Road Press le Dorothy Cross, Rita Duffy, Blaise Drummond, Eilis O’Connell agus Patrick Scott, i measc ealaíontóirí eile. Fáiltíodh go mór inár Leabharlann & Cartlann le Cartlann Gerda Frömel, ina bhfuil ábhar ón dealbhóir Seicis Gerda Frömel, nach maireann, a bhog go hÉirinn go déanach sna 1950idí, chomh maith le leabharlann Eric Shane, an scoláire Turner iomráiteach, a bhronn a bhaintreach Jacky Darville ar an nGailearaí.

Aon saothar a chuirtear leis an mbailiúchán, is ábhar é sin is féidir a chur ar taispeáint. Is gá freisin cúram a dhéanamh de na réada sin agus iad a chatalógú le gur féidir iad a chur leis na réada atá sa bhailiúchán cheana. Cé nach mbeidh dálaí optamacha ann chun grianghraif a stóráil go dtí go mbeidh an Máistirphlean Forbartha curtha i gcrích, tá neart foirne ann atá freagrach go leanúnach as gnéithe difriúla den bhailiúchán a thaifeadadh, a chatalógú agus a chaomhnú. Anuas ar obair leanúnach sa Stiúideo Caomhantais, cuimsítear leis an bhfreagracht sin an tionscadal ilbhliantúil leantach chun Cartlann Sir Denis Mahon a chur ar fáil, ina bhfuil cuid mhaith páipéar agus leabhar uathúil.

Éilíonn ár gclár iasachtaí go seiceálfaí an riocht ina bhfuil iasachtaí ag teacht isteach agus go n-ullmhófaí iasachtaí atá le tabhairt amach le haghaidh taispeántais lasmuigh den Ghailearaí. Is iondúil go mbíonn tionscadail níos fadtéarmaí idir lámha ag caomhnóirí freisin. Mar shampla, lean siad den obair i rith na bliana ar chóireáil chuimsitheach an tsaothair le Gerard Seghers, *Lamentation over the Dead Christ* (c.1630–1635), chun an pictiúr nuabhronnta úd a athchóiriú lena thaispeáint.

An toradh a bhí ar chomhar idirnáisiúnta amháin, Tionscadal Comhpháirtíochta Caomhantais J. Paul Getty, chun an saothar le Guercino, *Jacob Blessing the Sons of Joseph* (c.1620), a chaomhnú ná go raibh an saothar ar taispeáint ar feadh roinnt mhaith de mhíonna sa Mhúsaem Getty sular tháinig sé ar ais chugainn sa chéad leath den bhliain lena chur ar taispeáint i léiriú caomhantais sa Seomra Hugh Lane. Ag deireadh na bliana, bhí an obair beagnach tugtha chun críche ar an tsraith uathúil speisialta sé phictiúr ‘Prodigal Son’ a tháinig slán chugainn ó na 1660idí le Bartolomé Esteban Murillo, ceann de na seoda a bhronn Sir Alfred agus Lady Clementine Beit ar an nGailearaí i 1987.

Bhain an Gailearaí tairbhe freisin as acmhainní breise ar mhaithe le digitiú, a chuimsigh ár mbailiúcháin chartlainne, arna gcur ar fáil ag an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta. Rinneadh cuid den mhaoiniú sin a infheistiú i dtrealamh chun an t-íomháu imscrúdaitheach a fheabhsú, rud a d’fheabhsaigh an scóip dá réir chun imscrúdú caomhantais a dhéanamh ar an mbailiúchán.

I rith na bliana, leanamar dár gclár Comhpháirtithe Corparáideacha a thógáil, clár a bhfaigheann an Gailearaí tacaíocht sheachtrach ó chomhpháirtithe tráchtála éagsúla mar thoradh air. Éascaíonn comhar den chineál sin ardleibhéal sástachta agus rannpháirtíochta, agus is rud é sin a bhrúnn an Gailearaí chun cinn i dtaca le comhoibriú le réimse leathan luchtanna spéise agus tacaíochta. Táimid tar éis aird ar leith a dhíriú ar chomhpháirtíochtaí a chruthú, a shaibhreoigh gach gné dár gcomhar. Tá an clár Comhpháirtithe Corparáideacha tar éis fás ar aon uain le forbairt shásúil ar scála bhallraíocht na gCairde, a d'fhás faoi dhó ar a laghad i rith na bliana.

Rinneadh dul chun cinn i rith 2018 maidir leis an ngné chorparáideach den eagraíocht, atá ina bunús dár n-oibríochtaí. Tar éis don chreidiúnú SWiFT 3000 a bheith bronnta ar an Gailearaí as rialachas corparáideach in 2017, bhaineamar scór feabhsaithe amach sa chéad mheasúnú bliantúil a cuireadh i bhfeidhm. Dála an-chuid eagraíochtaí eile, d'fhreagair an Gailearaí freisin don reachtaíocht nua RGCS a tugadh isteach. Ós rud é go bhfuil an maoiniú Rialtas i bhfad níos ísle ná mar a bhí deich mbliana ó shin, ghabhamar orainn féin sa Ghailearaí ár n-ioncam tráchtála a fhorbairt. Tá méadú leantach ar an líon foirne de réir mar a éiríonn na riachtanais a bhaineann le heagraíocht mhéadaithe níos soiléire. Is tosaíochtaí fós iad oiliúint agus forbairt foirne, agus cruthaíonn siad deiseanna do chomhghleacaithe cur lena scileanna agus a ngairmréimeanna a fheabhsú.

Ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Seosaimhín Ní Mhadagáin, le hArd-Rúnaí Katherine Licken agus le hoifigigh na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta as a dtacaíocht i rith na bliana. Bíonn an Gailearaí á mhaoirsiú ag Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí. Is mór againn uile, go háirithe na bainisteoirí sinsearacha is mó a bhíonn ag obair i gcomhar le comhaltaí agus coistí Boird, a dtiomantas díocasach agus a rannpháirtíocht dhúthrachtach i ngach gné de thionscadail agus chlár an Ghailearaí.

Ar deireadh, is eagraíocht é an Gailearaí a fhreastalaíonn ar an bpobal, bíodh sin turasóirí ó thíortha thar lear nó na cuairteoirí iomadúla ó gach cearn d'oileán na hÉireann a bhuaileann isteach nó a amharcann ar ár láithreán gréasáin. Is é ár n-aidhm ná leanúint d'fhorbairt mar institiúid. Leanfaimid de riachtanais agus ionchais leathana éagsúla an phobail a fhreagairt, ach dírimid san am céanna ar Mháistirphlean Forbartha an Ghailearaí a fhóru ina iomláine.

Sean Rainbird

STIÚRTHÓIR

Ráiteas Misin

Spreagann Gailearaí Náisiúnta na hÉireann spéis san ealaín agus meas uirthi. Is é ár ról ná daoine agus an ealaín a thabhairt le chéile. Déanaimid cúram den ealaín, agus déanaimid í a léirmhíniú, a fhorbairt agus a chur ar taispeáint sa chaoi gur áit iontach é an Gailearaí le sult a bhaint as an ealaín.

Bunluachanna

IONRACAS – Cuirimid bearta i bhfeidhm ar na cúiseanna cearta agus tugaimid eispéireas ealaíne do dhaoine a shaibhreoídh iad.

OSCAILTEACHT – Bímid ag obair i gcomhar le réimse leathan luchtanna spéise agus páirtithe leasmhara. Glacaimid leis an éagsúlacht agus cuirimid an comhionannas chun tosaigh. Bímid ar oscailt don phobal gach lá den tseachtain.

CRUTHAITHEACHT – Táimid cruthaitheach, nuálach agus seiftiúil. Chun ár luchtanna spéise a spreagadh, déanaimid a gcur amach ar an ealaín a neartú agus an taitneamh a bhaineann siad aisti a ghéarú.

SAINEOLAS – Tá cuid mhaith speisialtóirí againn, a chuireann a scileanna, a saineolas agus a léargais go toilteanach faoi bhráid ár luchtanna spéise uile ar líne agus ar an láthair.

Straitéis agus Pleananna sa Todhchaí

Fás agus Feabhsú – Déanfaidh an Gailearaí a láithreacht agus a dhea-cháil a fhás agus a fheabhsú, agus chuige sin, meallfaidh sé líon ardaithe cuairteoirí agus forbróidh sé a lorg náisiúnta.

Éisteacht agus Roinnt – Éistfidh an Gailearaí lena luchtanna spéise agus roinnfidh sé eolas leo, chun tuiscint a fháil ar a riachtanais, chun a mianta a chomhlíonadh agus an ealaín os a gcomhair amach, agus chun cur ar a gcumas rochtain a fháil ar an mbailiúchán náisiúnta pé bealach a oireann dóibh féin.

Infheistiú agus Cosaint – Tabharfaidh an Gailearaí a mháistirphlean chun críche. Infheisteoidh sé i bhfoireann agus ullmhóidh sé an eagraíocht lena aghaidh sin. Cruthóidh an Gailearaí Ionad Barr Feabhais don Chaomhantas, sainláthair inrochtana ina ndéanfar an leabharlann agus na cartlanna ealaíne is mó in Éirinn a stóráil, agus soláthróidh sé áiseanna tiomnaithe le haghaidh gníomhaíochtaí oideachasúla. Leanfaidh sé den bhailiúchán a leathnú agus cruthóidh sé taispeántais bunaithe air.

Is é aidhm an Ghailearaí fáiltiú roimh **750,000** cuairteoir ar an láthair in 2019.

Is é aidhm an Ghailearaí gníomhaíochtaí oideachasúla agus poiblí a sholáthar, faoi réir iad a chur in áirithe, do **80,000** cuairteoir.

Is é aidhm an Ghailearaí **11** thaispeántas shealadacha a léiriú i rith 2019, a mbeidh táille le híoc i gcás trí cinn díobh.

De réir chur síos Fáilte Éireann, is príomhthaitneamhacht turasóireachta é an Gailearaí dóibh siúd atá fiosrach faoin gcultúr, agus mar sin, táimid ag dréim le meascán cuairteoirí a mhealladh, is é sin, **50%** as Éirinn agus **50%** ó thar lear.



Sracfhéachaint ar an mBliain

Eanáir



\\ **'Good Morning Mister Turner': Taispeántas Niall Naessens agus J.M.W. Turner**

oscailte ar an 9 Eanáir.

Sa phictiúr: Anne Hodge agus Niall Naessens.

Obair Ealaíne: © Niall Naessens.

Aibreán

- Ar an 10 Aibreán, labhair an Taoiseach Leo Varadkar i láthair sheoladh *Infheistíocht a Dhéanamh inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027*, áit ar sannadh cistí poiblí do thionscadail bhonneagair chultúrtha, lenar áiríodh an chéim dheiridh de Mháistirphlean Forbartha an Ghailearaí, mar chuid de Thionscadal Éireann 2040.
- Seoladh Príomhchomhpháirtíocht Chorporáideach trí bliana le Ryanair ar an 16 Aibreán. Beidh an Chomhpháirtíocht i bhfeidhm go dtí 2020, agus cuirfidh sí ar chumas Ryanair tacú leis na healaíona faoina chlár “Always Getting Better” (Ag éirí níos fearr i gcónaí). Sa phictiúr tá foireann chábáin de chuid Ryanair in éineacht le Ceannasaí Cumarsáide Ryanair, Robin Kiely, agus Gabrielle Murphy, Stiúrthóir Forbartha, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.
- Tháinig Maples and Calder, dlíghnólacht Maples Group, isteach sa Chlár Comhpháirtíochta Corparáidí, agus thacaigh siad leis an Spás Cruthaitheach in Aitriam an Ghailearaí. Sa phictiúr: Sean Rainbird, Nicholas Butcher agus Joanne Drum.





Bealtaine

- \\ Suiteáladh múrphictiúr Joe Caslin, *Finding Power*, i gClós an Ghailearaí. Joe Caslin: "Finding Power", the Courtyard, National Gallery of Ireland, Merrion Square West, Dublin. Artwork © Joe Caslin.




Meitheamh

- \\ Ag an gcéad imeacht Go Déanach ar an Déardaoin, ceiliúradh 'Circus250: Art of the Show', agus osclaíodh comhar nua leis an salón ingne, Tropical Popical, ar an 21 Meitheamh. Sa phictiúr: Lords of Strut.

Iúil

- Comhar leis an leathanach Instagram @mydublinday. Thug ceathrar grianghrafadóirí Instagram cuairt ar an nGailearaí tar éis na ngnáthuaireanta oscailte chun gach a bhfaca siad a ghabháil le haghaidh #EmptyNationalGalleryIRL.



- Osclaíodh 'Roderic O'Connor and the Moderns: From Paris to Pont-Aven' – ar an 16 Iúil.
Sa phictiúr: Brendan Rooney agus comhléiritheoir an taispeántais, Johnathan Benington, os comhair Landscape, Pont-Aven, 1892.
Le caoinchead ó lontaobhaithe Bhailiúchán Príobháideach Shocraíocht W.R. Warburton 1996.





Lúnasa

- Féile 'Art in the Open' (An Ealaín Allamuigh)
 Sa phictiúr: Rannpháirtithe san Fhéile 'Art in the Open' ina suí ar an bhfaiche thosaigh i gCearnóg Mhuirfean.



- Suiteáladh cásanna taispeántais saincheaptha nua sa Ghailearáí Priontaí chun na caighdeáin idirnáisiúnta um dhea-chleachtas a chomhlíonadh, agus ba í an Rannóg Caomhantais a mhaoirsigh é sin i gcomhar leis an Rannóg Coimeádaíochta agus Oibríochtaí. Sa phictiúr: Taispeántas 'Drawing Dublin'.




Deireadh Fómhair

- Ba é grianghraf Mandy O'Neill, *Diane*, Larkin Community College, a bhuaigh Gradam Portráide Zurich 2018.
 Sa phictiúr: Mandy O'Neill in éineacht lena cuspa Diane Dethier.

Samhain

- Osclaíodh 'Markievicz: Portraits & Propaganda', ar an 6 Samhain – an ceathrú taispeántas a bhí ag Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann.

Sa phictiúr: Ealaíontóir Amanda Coogan ag léiriú a coimisiúin, 'Floats in the Aether', mar chuid den taispeántas



- Ar an 9 Samhain, crochadh *Her First Communion* le John Lavery i Seomraí Éireannacha an Sciatháin Milltown. Bhí Cairde an Ghailearaí páirteach i bhfáil an phictiúir.



- D'fhreastail an tUachtarán Micheál D. Ó hUigín ar imeacht ar an 15 Samhain chun 25 bliain a chomóradh ó nochtdh *The Taking of Christ* le Caravaggio don phobal sa Ghailearaí. Ó chlé: Sean Rainbird, Catherine Griffin, Patricia Golden, an tUachtarán Uí hUigín, Raymond Keaveney, an tAthair Noel Barber SJ.





Nollaig

- Osclaíodh 'Canaletto and the Art of Venice' ar an 4 Samhain. Sa phictiúr: Taibheoirí in éineacht le Sean Rainbird agus Anne Hodge. Arna atáirgeadh le caoinchead ón Royal Collection Trust, Londain.



- Osclaíodh an Tionscadal LauraLynn ar an 6 Nollaig – 'The Much More Magnificent Seven', i gCuimhne ar Conor Flynn. Ó chlé: Evan Swayne, Erika Cawley, Nira Bouzid, Jack Harmes agus Natalie Maria Racovita. In easnamh sa phictiúr: Aisling Moloney agus Conor Flynn. Is trua go bhfuair Conor bás sular osclaíodh an taispeántas, agus bhí an tionscadal tiomnaithe dá chuimhne.



Bailiúcháin & Taighde

Buaicphointí na Saothar Faighte 2018

Nick Miller

Tar éis dó bogadh ó Shasana go hÉirinn i 1984, tá Nick Miller ina chónaí i Sligeach ó bhí 1992 ann. Tá cur amach domhain aige ar thírdhreach agus thopagrafaíocht an iarthuaiscirt, agus déanann sé é sin uile a thaifeadadh go bríomhar i bpictiúir ola. Is ealaíontóir taghdach é Miller, a oibríonn ó instinn, agus is fearr leis obair díreach ón móitíf, cleachtas a chuireann cuma shuaithinseach neasachta lena obair. Le cabhair óna chara fadtéarmach, comharsa agus comhealaíontóir Barrie Cooke, fuair Miller truicail bosca ar thrí through déag i 1997, agus bhí sin mar stiúideo soghluaiste aige. Bhí an truicail sean agus mall, le réimse an-bheag, agus na hábhair a phéinteáil Miller ón dtruicail, agus iad frámáilte ag an doras

lódála cúil, bhídís laistigh de raon thart ar cúig mhíle dhéag óna bhaile. Le himeacht ama, lig sé do thimpeallacht an stiúideo féin briseadh isteach ar phlána an phictiúir, agus ar an ábhar sin, ba mhinic a bhíodh frámaí le feiceáil ina bpictiúir tírdhreacha, *From Cogan's Shed* ina measc. Mar sin, bhíodh sé ag baint triail as spás a ionramháil (rud atá ina ábhar dúspéise i measc péintéirí tírdhreacha le fada an lá), agus san am céanna, ag dul i ngleic le cur i gcéill bunúsach an stiúideo. Tá *From Cogan's Shed* ina shamhail den chleachtas atá ag Miller, tírdhreach millteanach a dhéanamh de thírdhreach coitianta. D'aithneofa láithreach gur le hÉirinn a bhaineann na 'radhairc shaibhre thaise de Chontae Shligigh' is fearr leis, agus is radhairc choitianta seachas radhairc mhórthaibhseacha ná rómánsúla iad.

NICK MILLER (B. 1962)

From Cogan's Shed,
2004,


© Gailearaí
Náisiúnta na hÉireann.



Martin Gale

Bhí *Over and Above* le Martin Gale mar chuid de sheó aonair an ealaíontóra, **Bloodlines**, sna Gailearaithe Taylor in 2018, ina ndearna an t-ealaíontóir imscrúdú ar dhaoine agus áiteanna a raibh tábhacht phearsanta ag baint leo, téama a thagann aníos go minic ina chuid oibre. Bhí an-chuid íomhánna fána sa bhailiúchán saothair sin, rud a thug baint sheanbhunaithe mhuintir an ealaíontóra le capaill le fios. Cé nár thagair Gale go díreach don nasc muintire sin ina chuid oibre roimhe seo, tá a mhothúcháin faoin tuath agus an taithí atá aige uirthi curtha in iúl go soiléir aige le tamall maith de bhlianta anuas. Is neamhbhalbh an chaoi a léiríonn sé an tírdhreach de ghnáth, agus is minic a bhíonn cruth daoine le feiceáil i dtimpeallachtaí coimhthíocha nó iargúlta. Tá *Over and Above*, ina bhfeicimid radharc de ghort treafa trí shúile rúcaigh, réasúnta maisiúil, ach cuireann sé mearbhall orainn ar an gcaoi chéanna.

MARTIN GALE (B. 1949)
Over and Above,
 2017,
 © Martin Gale.



Tony O'Malley

Níor thosaigh Tony O'Malley, a rugadh i gCill Chainnigh, ag péinteáil go lánaimeartha go dtí go raibh sé sna daichidí láir (roimhe sin, bhíodh sé ag obair sa bhanc). Tá dlúthbhaint aige le Corn na Breataine, áit ar chónaigh sé ar feadh tríocha bliain tar éis dó cuairt a thabhairt ar an áit den chéad uair i 1955. I 1962, bhog O'Malley isteach in Trevaylor, teach mór in Gulval, idir Penzance agus St Ives, ar le Nancy Wynn-Jones é. B'áit bhríomhar é, agus ba mhinic gur tháinig ealaíontóirí ó Londain agus St Ives ar cuairt chuige. 'Agus muid coinnithe istigh in Trevaylor le linn an tsneachta', arsa O'Malley, 'ba chosúil muid le hollscoil.' Bhí seomra codlata ag an ealaíontóir sa phríomhtheach, agus stiúideo beag aige sa chlós taobh thiar de.

Spreag an áit roinnt mhaith comhdhéanamh macasamhlach agus teibí (nó, mar a mhaígh O'Malley ina leith, 'neamhoibiachtúil'). Cé nach raibh sé sáite go hiomlán i lucht na n-ealaíon in St Ives, bhíodh sé ag plé le han-chuid de na daoine tábhachtacha sa phobal, ina measc ealaíontóirí Peter Lanyon agus Patrick Heron, agus ba mhór an tionchar a bhí ag a ngníomhaíochtaí siúd air. Sa phictiúr *The Granite Land of Cornwall – Winter*, is follasach na cruthanna speancacha, rithimí gleoránacha, scríobadh scaoilte agus pailéad fuar atá ina gcomharthaí sóirt de na pictiúir thriúdhreacha Choirnise is tarraingtí de chuid O'Malley. Is léir an chodarsnacht idir na pictiúir sin agus na saothair a rinne O'Malley níos déanaí, a bhfuil clú níos mó air astu; is iad na geimhrí a chaith sé sna Bahámaí a chuaigh i gcion go mór ar na saothair sin, agus tá cruthanna níos dímhorfáil agus réimse dathanna i bhfad níos éadroime agus éagsúla ina gcomharthaí sóirt díobh.



TONY O'MALLEY (1913–2003)

The Granite Land of Cornwall – Winter, /
1964,

© Eastát Tony O'Malley.



ALICE NEEL (1900–1984)

Cityscape,
1934, ola ar chanbhás,
© Eastát Alice Neel.

Alice Neel

Is i Nua-Eabhrac a mhair agus a d'oibrigh Alice Neel. Cé gur chruthaigh sí an-chuid saothar sráid-dreacha agus ábhar neamhbheo, is as a portráidí réalaíocha de chairde, comharsana agus strainséirí is mó a bhfuil clú uirthi. Cuireadh oiliúint ar Neel in Philadelphia School of Design for Women sna 1920idí. I 1933, bhí sí ar dhuine de na chéad ealaíontóirí a chláraigh sa Tionscadal Saothar Ealaíne Poiblí, tionscnamh 'New Deal' a raibh mar aidhm aige fostaíocht a sholáthar d'ealaíontóirí. B'ealaíontóir bisiúil í Neel, d'ainneoin go raibh uirthi dul i ngleic le cuid mhaith dúshlán pearsanta agus gairmiúil.

I 1932, bhog Alice Neel isteach in árasán in Greenwich Village le Kenneth Doolittle, muirshaighdiúir tráchtála a raibh andúil aige san óipiam. I Nollaig 1934, scrios sé mórchuid dá hobair agus é faoi racht éada: thart ar 60 pictiúr agus breis is 200 líníocht agus pictiúr uiscadhatha.

Ag labhairt di faoin eachtra, dúirt Neel gur 'gníomh gránna seobhaineachais fir [a bhí ann]: go raibh sé in ann mé a smachtú go hiomlán. Bhí orm éalú ón árasán nó bheadh mo scornach gearrtha aige. B'eispéireas coscrach dom é, mar go raibh an chuid is fearr de m'obair scriosta aige nach mór, rudaí a bhí cruthaithe agam sula raibh a fhios agam gurbh ann dó fiú. Thóg sé na blianta orm é a chur tharam.' Chaith Neel an chéad seachtain eile in óstán ar 42nd Street le John Rothschild, cara agus tacadóir saibhir dá cuid. Ba ansin a phéinteáil sí an dreach cathrach sneachtúil seo. Ag breathnú soir i dtreo na cathrach, taispeántar díon Holy Cross Church chun tosaigh. Léiríonn blúiríní dearga na soilse ar éadain na n-amharclann, agus líníonn na stríoca giorraithe dubha daoine gan ainm ag teacht is ag imeacht thíos. Ba thús nua do Neel an pictiúr sin.

Bhí an pictiúr, a bhí á dhíol mar *Cityscape* (1950idí), i mbailiúchán príobháideach leis na blianta fada. Mar thoradh ar thaighde a rinneadh i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann, bhíothas in ann láthair agus dáta an tsaothair a shainaithint.



NOCHTAR PORTRÁID CHOIMISIÚNAITHE DEN PHAITEOLAÍ STÁIT, AN TOLLAMH MARIE CASSIDY, LE JACK HICKEY, BUAITEOIR GHRADAM PORTRÁIDE HENNESSY 2017.

Ó chlér: Sean Rainbird (Stiúrthóir Gailearaí Náisiúnta na hÉireann), Jack Hickey, buaiteoir Ghradam Portráide Hennessy 2017 agus a ábhar, *An tOllamh Marie Cassidy, Paiteolaí Stáit* (2004-2018), ar ócáid nochtadh na portráide. Obair Ealaíne: © Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.



Marie-Louise von Motesiczky

CÚIG PHICTIÚR OLA AGUS LEABHAIR SCEITSEÁLA

Pictiúir: *Summer Landscape* (1926); *Frau Zischka* (1938); *Morning in the Garden* (1943); *Roses, Toad, and Nude* (c.1960); *Still-life with Doll* (1989)

BRONNTA AG IONTAOBHAS CARTHANAIS MARIE LOUISE VON MOTESICZKY

Ba de theaghlach rachmasach Víneach Marie-Louise von Motesiczky, a raibh dlúthnaisc aige leis an lucht ealaíonta agus intleachtúil san Ostair. D'fhreastail sí ar ranganna ealaíne i Vín, sa Háig, in Frankfurt, i bPáras agus i mBeirlín. I 1927/8, thug Max Beckmann cuireadh di a bheith páirteach ina mháistir-rang sa Städelschule in Frankfurt-am-Main, agus ó shin i leith, ba dhlúthchara di é agus bhí tionchar mór aige uirthi. Tar éis an Anschluss i 1938, d'fhág Motesiczky agus a máthair Vín agus chuaigh siad chuig an Ollainn. Shroich siad Sasana i 1939, áit ar chaith siad an chuid eile dá saol.

Phéinteáil Motesiczky portráidí, féinphortráidí, pictiúir d'ábhair neamhbheo, tírdhreacha agus pictiúir fháthchiallacha.

I bhfianaise a cúinsí, is ar a saol teaghlaigh agus ar a dlúthchaidreamh lena máthair is mó a dhíríonn ábhair a saothar. Cé gur ealaíontóir bisiúil a bhí inti, roghnaigh sí gan a saothar a dhíol. An chuid is mó dá hobair, tá sí i seilbh Iontaobhas Carthanais Marie-Louise von Motesiczky, agus tá príomhshaothair dá cuid le fáil freisin i Músaem Ealaíne Comhaimseartha Stedelijk (Amstardam), sa Tate (Londain), sa Ghailearaí Náisiúnta Portráidí (Londain), i Músaem Fitzwilliam (Cambridge) agus in Österreichische Galerie Belvedere (Vín). I 1985, reáchtáil an Institiúid Goethe i Londain taispeántas iardhearcach d'obair Motesiczky, ar ghnóthaigh sí an-aird mar thoradh air.

Léiríonn an grúpa saothar seo téagar agus réimse éagsúil oeuvre Marie-Louise von Motesiczky. Tugann na pictiúir, a bhaineann leis an Ostair sna 1920idí agus le Londain sna 1980idí, léargas ar a spéiseanna ealaíonta éagsúla agus ar scéal a saoil, atá iontach spéisiúil. Agus an bronntanas seo á ghlacadh aige, tá an Gailearaí ag léiriú go bhfuil sé fós tiomanta do spéis a chothú i saothar mhná na fichiú haois agus d'eolas fúthu a chur chun cinn.

**MARIE LOUISE VON
MOTESICZKY
1906–1996)**

\\ *Frau Zischka*,
1938,
© Iontaobhas
Carthanais
Marie-Louise von
Motesiczky, 2019.



**SIR JOHN LAVERY
(1856-1941)**

— *Her First Communion*,
1902,
Ceannaithe, le
tacaíocht ó Chairde
Ghailearaí Náisiúnta
na hÉireann, 2018
(Ciste Dargan go
páirteach).

Sir John Lavery

Faoi 1902, nuair a sheol Sir John Lavery *Her First Communion* chuig Salón Pháras, bhí ainm déanta aige dó féin, murab ionann agus ealaíontóirí Éireannacha eile, mar ealaíontóir a raibh clú idirnáisiúnta air amach is amach. Aisteach go leor b'fhéidir, ní raibh Éire ná an Bhreatain tar éis an oiread sin spéise a chur i bhfeabhas a thallainne go dtí sin. Ba é an saothar *Her First Communion* a spreag athrú ar an scéal. Tar éis don saothar a bheith ar taispeáint i bPáras agus ansin sa Veinéis i 1903, taispeánadh i Londain é ag an International Society of Sculptors, Painters and Gravers. D'fhéadfá a rá gurb é seo an saothar de chuid Lavery is gaire d'obair Whistler, agus léiríonn sé a iníon Eileen, in aois a naoi mbliana, agus í gléasta ina gúna Comaoineach. Cé go bhfuil an saothar faoi chomaoín ag roinnt mhaith foinsí pictiúrtha eile, ina measc saothair le Velázquez agus Courbet, is é an pictiúr is mó a thugann sé chun cuimhne ná *Harmony in Grey and Green, Miss Cicely Alexander* ón mbliain 1872 le Whistler (Tate).

D'aithin Whistler an t-ómós a bhí léirithe ag Lavery dó, agus bhí spéis aige féin sa saothar áirithe seo. Mheabhraigh Lavery, a bhí ina chónaí i bPáras faoin am sin, cuairt samhraidh a thug an Meiriceánach ar a stiúideo. Luaigh Whistler go raibh 'luach an ghúna bháin ró-ard le hais thon an chraicinn', agus rinne sé é a mhaolú ansin le cabhair ó roinnt gualaigh. Bhí an pictiúr ag teacht freisin le spéis athnuaite in ábhar reiligiúnach, a bhí tagtha chun cinn i measc ealaíontóirí ar fud na hEorpa le chuid mhaith de bhlianta anuas. Phéinteáil Lavery Eileen, a raibh a máthair tar éis bás a fháil in 1891, roinnt uaireanta.

Julia Margaret Cameron

Is cuid iad na híomhanna seo de bhailiúchán grianghrafadóireachta an Ghailearaí, atá ag síorfhás, agus tagann siad leis na priontaí uathúla daigéaracha atá sa bhailiúchán cheana, le Maria Edgeworth agus Daniel O'Connell. Tá an staidéar bláthanna úra le Francis Edmund Currey, aibhéardaí Dhiúc Devonshire a bhí ag cur faoi i Lios Mór, ina shamhail dá obair. Ba cheannródaí é Currey agus in an-chuid dá obair luath ar chalachló, bhí daoine áitiúla agus radhairc d'eastát Lios Mór. Níos déanaí, bhí speisialtóireacht aige i bpriontaí albaimine ábhair neamhbheo. Tá ábhar an phrionta albaimine faoi sholas álainn, agus is é atá mar bhunghné ann ná gas planda róslabhrais, agus é ag teacht i mbláth, a d'fhionn Joseph Hooker in Sikkim na hIndia i 1849, agus a d'ainmnigh sé i ndiaidh Michael Pakenham Edgeworth, deartháir óg an úrscéalaí agus grianghrafadóir gníomhach.

Sa phortráid allabhrach seo leis an ngrianghrafadóir Sasanach Julia Margaret Cameron, feicimid Mary Ryan (1848–1914), bean Éireannach a bhí mar chailín aimsire agus mar chuspa aici. Bhí Cameron sna daichidí déanacha nuair a fuair sí ceamara bosca sleamhnáin mar bhronntanas óna muintir. D'éirigh sí an-tugtha don ghrianghrafadóireacht, agus thiontaigh sí cró cearc ina stiúideo. Bhain sí clú agus cáil amach as a grianghraif phortráide le fócas bog, a raibh daoine dá muintir mar ábhair iontu, chomh maith le daoine iomráiteacha amhail Charles Dickens agus Alfred Tennyson. I 1864, toghadh í mar bhall den Photographic Society of London.



JULIA MARGARET CAMERON (1815–1879)

After the Manner of Perugino (Mary Ryan, c.1865,



FRANCIS EDMUND CURREY (1814–1896)

Flower Study (Rhododendron Edgeworthii), c.1865,

Erich Hartmann

Rugadh Erich Hartmann in Munich, agus chuaigh sé ar imirce go dtí Meiriceá i 1938, áit ar thosaigh sé ag obair mar ghrianghrafadóir i Nua-Eabhrac i 1946. I rith a ghairmréime, bhí sé gafa le roinnt mhaith tionscadal pearsanta fadtéarmach, mar aon le léirithe fótagrafacha a raibh lorg na litríochta le sonrú orthu, mar shampla, 'Shakespeare's England', 'Joyce's Dublin', agus 'Thomas Hardy's Wessex'. Agus é níos sine, ghlac sé grianghraif d'iarsmaí sluachampaí géibhinn na Naitsithe, agus ba iad an leabhar agus an taispeántas *In the Camps* a d'eascair as sin.

I 1964, scríobh Hartmann: 'Ní hé an Béarla mo theanga dhúchais, ach nuair a thosaigh mé ag tabhairt aird ar nualitríocht an Bhéarla, ba í obair scríbhneoirí Éireannacha, go háirithe James Joyce agus Sean O'Casey, a chuir faoi dhraíocht mé.'

Dúirt sé freisin: 'Bhí cónaí orainn i Londain i 1964, agus ceann de na rudaí ba phléisiúrtha an bhliain sin ná an tréimhse a chaith mé i mBaile Átha Cliath ag déanamh stadán i rith scannánú *Young Cassidy* ...'. Théadh Hartmann ag fámaireacht ar fud Bhaile Átha Cliath, ó Chearnóg Mhuirfean chomh fada le Binn Éadair, agus ghabhadh sé ciúnas shráideanna na cathrach san oíche; cleatrail na

gceaiqeanna sa stóras Guinness agus amharc diongbháilte seasta lucht tacaíochta CLG sna seastáin. Mar a dúirt Ruth Bains Hartmann, d'aimsigh Erich micreacasma den domhan san áit ar ghlaigh Joyce 'The Heart of the Hibernian Metropolis' (Croílár na hArdchathrach Ibeirní) uirthi.

Sa ghrianghraf seo a ghlac sé i rith a chuairte ar Éirinn, *Dublin, 1964 (Nelson's Pillar)*, feicimid Sráid Uí Chonaill ó ardán féachana Cholún Nelson, séadchomhartha Éireannach nach bhfuil ann a thuilleadh. B'ollcholún eibhir é Colún Nelson, agus dealbh de Horatio Nelson ar a bharr, a tógadh i lár Sráid Saicbhil (Sráid Uí Chonaill anois) i mBaile Átha Cliath. Cuireadh an colún i gcrích in 1809 nuair a bhí Éire fós ina cuid den Ríocht Aontaithe; mhair sé slán go dtí Márta 1966, agus ansin rinneadh damáiste trom dó mar thoradh ar phléascaigh.

Dála daoine eile de mhuintir na háite agus turasóirí, dhreapadh Hartmann suas an cabha laistigh den cholún chun an t-ardán féachana a shroicheadh, a bhí suite díreach faoi bhun na deilbhe. Tríd an mbacainn timpeall ar an ardán, faigheann an breathnóir mar a bheadh grianghraf de na daoine ag plódú thart agus de líne carranna páirceáilte feadh lár na sráide. Tá an grianghrafadóir ag seasamh os comhair Shráid Uí Chonaill íochtarai amach, agus tar éis dul anonn Dhroichead Uí Chonaill, scoilteann an tsráid ansin i Sráid D'Olier ar thaobh na láimhe clé agus i Sráid Westmoreland ar thaobh na láimhe deise. Áras Dhroichead Uí Chonaill a thugtar ar an bhfoirgneamh ard sa chúlra ag coirnéal Shráideanna D'Olier agus Westmoreland, agus tá an lógó Heineken ar taispeáint anois ar aghaidh an fhoirgnimh úd.

Is grianghraf é seo atá ar maos i stair na litríochta agus sa stair shochpholaitiúil araon; spreagfaidh sé cuimhní i roinnt daoine, agus beidh daoine eile fós in ann cuid de Bhaile Átha Cliath a shamhlú nach bhfaca siad ariamh. Is amhlaidh atá le cuid mhaith d'obair Hartmann atá i mbailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

**ERICH HARTMANN
(1922–1999)**

Dublin, 1964 /

(Nelson's Pillar), 1964,

© Erich Hartmann Estat

(Magnum Photos)

/ Courtesy CLAIRbyKahn.




William Crozier


BAILIÚCHÁN 35 SAOTHAR AR PHÁIPÉAR

CEANNAITHE, 2018

NGI.2018.71–105

Is léargas iad na saothair seo ar pháipéar le William Crozier, i réimse leathan meán, ar a spéiseanna téamacha agus a stíleanna athraitheacha. Rugadh Crozier i nGlaschú ach ba as Éirinn dá thuismitheoirí, agus mar sin, cé go raibh sé lonnaithe i Sasana le haghaidh mhórchuid dá ghairmréime, meastar gur ealaíontóir Éireannach é. Ceannaíodh na saothair díreach ó eastát an ealaíontóra, agus baineann siad leis na céimeanna is tábhachtaí da ghairmréim. Is follasach an chodarsnacht idir na saothair ghothacha ó na 1950idí déanacha agus go luath sna 1960idí, agus an tsraith staidéar cinn a mhúsclaíonn cuimhní an chogaidh agus a iarmhairtí. Tá an choigilt modhanna, an loime agus an fuinneamh neirbhíseach a bhaineann le gach saothar ina mbonn lena ghafa atá an t-ealaíontóir leis na téamaí atá roghnaithe aige. Is mór an chodarsnacht idir na cruthanna cnaíte a tharraing sé sna 1970idí agus na tírdhreacha bríomhara líneacha a tharraing sé in Hampshire agus Nua-Eabhrac. Is léiriú ar na 1980idí iad na tírdhreacha tonúla cumasacha d'iarthar Chorcaí, agus is é atá sa ghrúpa deiridh saothair ná líníochtaí ábhar neamhbheo ó na 1990idí. I léirmheas a foilsíodh san *Irish Times* (24 Deireadh Fómhair 2017) faoi thaispeántas mór iardhearcach, tugadh an cuntas beacht seo a leanas ar mhórchumas Crozier mar ealaíontóir: 'Is ann don saol, don bhás agus don domhan ina n-iomláine ina chuid saothar, agus iad tarraingthe le chéile ó na blianta taithí agus dianoibre.'





WILLIAM CROZIER (1930–2011)

Untitled (Landscape), /

1960–61

© Eastát William Crozier.

Niall Naessens

BAILIÚCHÁN 11 EITSEÁIL DHAITE, TRÍ LÍNÍOCHT
AGUS LEABHAR EALAÍONTÓRA AMHÁIN
CEANNAITHE, 2018
NGI.2018.3-5; NGI.2018.32-34

Cuimsíodh na líníochtaí agus priontaí thuas sa taispeántas 'Good Morning Mister Turner' agus cruthaíodh iad go sonrach le go mbeidís ar crochadh le taobh an taispeántais bhliantúil saothar uiscdhatha J.M.W. Turner sa Ghailearaí in 2018. Bhí spéis ag Naessens le fada an lá i saothar Turner, agus d'fhéach sé ar an tionscadal seo mar chomhrá tríd na glúine. Is meascán í ealaín Turner agus Naessens araon den rud is gnách agus den rud is neamhghnách, agus is suntasach cruth an duine dhaonna in obair na beirte. Bíonn an tírdhreach á ionramháil ag an mbeirt acu, agus déanann siad athruithe caolchúiseacha ar shainchomharthaí agus ghnéithe chun a leasa féin.

Rinne Turner iniúchadh ar tírdhreacha i bhfad níos faide ar shiúl óna áit chónaithe i Londain, ach i gcás Naessens, is ar cheantair áitiúla a bhíonn sé ag díriú. Cruthaíonn sé na líníochtaí go hoilte agus leas á bhaint aige as meascán de ghraifít agus dúch eitseála. Úsáideann sé línte, agus iad tarraingthe go cúramach le rialóir, chun na foirmeacha tírdhreacha a chur le chéile diaidh ar ndiaidh. Is saibhir na dathanna atá sna heitseálacha seo, agus is tréith iontu freisin na sainghnéithe a bhí le sonrú i luathobair Naessens, ina measc an dúspéis a bhí aige i línte ag forluí go tiubh ina chéile. Is é ábhar na saothar an tírdhreach sléibhtiúil álainn gar d'áit chónaithe an ealaíontóra i gCé Bhréanainn, Co. Chiarraí. Tá trí déag d'íomhánna dubha agus bána sa leabhar ealaíontóra, iad eitseáilte go cáiréiseach, agus tagraíonn cuid díobh go díreach do phictiúir uiscdhatha le Turner i mbailiúchán an Ghailearaí.

NIALL NAESSENS (B. 1961)

*Caherconree Snow /
Covered and a
Shower of Hail*

© Gailearaí Náisiúnta
na hÉireann.



Gwen O'Dowd


Is iad seo a leanas na healaíontóirí agus an scríbhneoir a bhí coimisiúnaithe le haghaidh Phortfóilió Urraitheoirí 2017 Graphic Studio Dublin: Cliona Doyle, Gwen O'Dowd, Aoife Scott, Elke Thönnies, agus an scríbhneoir Colm Tóibín.

Bunaíodh Graphic Studio Dublin (GSD), Déantóirí Priontaí Mínealaíne, i 1960 chun scileanna traidisiúnta déanta priontaí a theagasc, rud nach raibh ar fáil i gcoláistí ealaíne in Éirinn ag an am. Lena hais sin, sholáthair siad stiúideonna agus cúnamh teicniúil d'ealaíontóirí a bhí ag iarraidh priontaí mínealaíne a dhéanamh. Patrick Hickey, Leslie MacWeeney, Liam Miller, Elizabeth Rivers agus Anne Yeats a chuir ar bun é. Bunaíodh Graphic Studio Gallery i 1988 chun déanamh priontaí mínealaíne a chur chun cinn in Éirinn agus thar lear, chun oideachas a chur ar an bpobal faoi dhéanamh priontaí, agus chun priontaí a chur ar taispeáint agus a dhíol thar ceann ealaíontóirí a bhí ina mbaill de.

GWEN O'DOWD (B. 1957)

Sky,
2017,

© Gwen O'Dowd.



An rud a spreag an tsraith portfóiliónna seo, tharla sé go luath tar éis bhunú GSD, nuair a d'fhoilsigh siad bailiúchán saothar scaoilte dar teideal Portfóiliónna Urraitheoirí ó 1962 go dtí 1979, ina raibh ealaín agus litríocht le rogha ealaíontóirí agus scríbhneoirí Éireannacha agus idirnáisiúnta.

I 2010, rinne Graphic Studio Portfóiliónna Urraitheoirí a athsheoladh mar chuid dá gcomóradh 50 bliain. Gheall GSD go bhfoilseoidís an tionscadal ar feadh deich mbliana (2010–2019), is é sin, portfóilió amháin in aghaidh na bliana. Cruthaítear eagrán teoranta de 75 fillteán saincheaptha gach bliain, agus i ngach ceann díobh tá ceithre phriontaí mhínealaíne le déantóirí priontaí agus ealaíontóirí ar tugadh cuireadh dóibh, mar aon le bileog litirphreasa. Tá gach bileog sínithe agus uimhrithe ag an ealaíontóir nó scríbhneoir. Ar na scríbhneoirí iomráiteacha a bhí páirteach san fhiontar comhoibríoch seo, tá Seamus Heaney, John Banville, Jennifer Johnston, Theo Dorgan, Paula Meehan, Roddy Doyle, Paul Muldoon agus Thomas Kinsella.

Cruthaíodh na portfóiliónna seo chun airgead a thiomsú le haghaidh rith an stiúideo, agus cuimsítear leo réimse saibhir éagsúil teicnící déanta priontaí. Is rud a thagann le beartas bailithe an Ghailearaí é saothair a fháil ar le déantóirí priontaí Éireannacha iad, agus is é an aidhm atá aige forbairtí maidir le déanamh priontaí in Éirinn a chur ar taispeáint. Tá ar intinn ag an nGailearaí deich mbliana iomlána de phortfóiliónna urraitheoirí GSD a fháil, agus is portfóilió amháin sa tsraith é an ceann seo ó 2017.

Hilda Gerarda van Stockum

Le caoinchead ó Eastát Hilda van Stockum agus Boissevain Books LLC.

Bailiúchán deich saothar ar pháipéar le Hilda van Stockum, agus líníochtaí freisin le Seán O'Sullivan, Patrick Tuohy agus Brigid Ganly.

Ina theannta sin, fuarthas ocht saothar ar pháipéar le Hilda van Stockum, a d'fhág iníon an ealaíontóra le huacht in 2018.

B'ealaíontóir, scríbhneoir agus maisitheoir í Hilda Gerarda van Stockum, a rugadh san Ísiltír. Ba iníon í le hoifigeach cabhlaigh a bhí lonnaithe in Rotterdam, agus tháinig sí go hÉirinn nuair a bhí sí ina déagóir chun staidéar ag Scoil Ealaíne Chathair Bhaile Átha Cliath. Duine dá teagascóirí ba ea Patrick Tuohy, agus tá a thionchar siúd le sonrú ar a luathobair. Is ealaín thraidisiúnta a chruthaíonn sí, ina mbíonn portráidí agus ábhair neamh-bheo fhíoracha, agus ceann de na tréithe is láidre ina cuid oibre ná íogaireacht i leith an tsolais. Tá níos mó clú uirthi lasmuigh d'Éirinn as a hobair liteartha agus a leabhair mhaisithe do pháistí (lena n-áirítear *The Mitchells*, *Kersti and Saint Nicholas* agus *A Day on Skates*), a bhfuil cuntais ghlé ar shaol an teaghlaigh mar shaintréithe iontu. Na cuntais fhoilsithe faoin tréimhse a chaith sí mar scoláire ealaíne, is léargas luachmhar iad ar shaol ealaíne na hÉireann go déanach sna 1920idí. Bhí Seán O'Sullivan, Nano Reid agus Stella Steyn ar na comhaoisigh a bhí aici. Toisc go raibh sí pósta le taidhleoir, Erwin Marlin, chónaigh sí i gcuid mhaith tíortha, ina measc an Eilvéis, Ceanada agus na Stáit Aontaithe. Tar éis di dul ar scor agus bogadh go dtí an Ríocht Aontaithe, rinne sí a cuid ceangal le hÉirinn a athnuachan agus cuireadh taispeántas iardhearcach ar siúl ina honóir i nGailearaí Gallagher an Acadaimh Ibeirigh Ríoga i 1990. Fuair sí bás in Hertfordshire in 2006.

Baineann an dá bhailiúchán saothar ar pháipéar seo leis an tréimhse a chaith van Stockum mar scoláire ealaíne i mBaile Átha Cliath.

Na portráidí de Hilda van Stockum a phéinteáil a cairde sa choláiste, Seán O'Sullivan agus Brigid Ganly, tagann siad lena portráidí féin de dhaoine dá muintir agus dá grúpa cairde i gcoitinne. Léiríonn réalachas na líníochtaí agus priontaí an tionchar a bhí ag Patrick Tuohy uirthi. Tá an chosúlacht air gur mar bhronntanas a fuair van Stockum an staidéar gouache le Tuohy ar bhean i naprún gorm. Tabharfaidh an dá ghrúpa saothar sin i dteannta a chéile léargas nach beag do thaighdeoirí ar a luathshaothar agus na rudaí a chuaigh i gcion uirthi.



HILDA GERARDA VAN STOCKUM (1908–2006)

Self-Portrait,
1923,
Le caoinchead ó
Eastát Hilda van
Stockum agus
Boissevain Books LLC.



HILDA GERARDA VAN STOCKUM (1908–2006)

Portrait of a Nurse,
Le caoinchead ó
Eastát Hilda van
Stockum agus
Boissevain Books LLC.

Carlann Gerda Frömel

Tugann an bailiúchán ábhair uathúil seo léargas luachmhar dúinn ar chleachtas duine de na dealbhóirí nua-aoiseacha is mó le rá in Éirinn san fhichiú haois. Is taifead tábhachtach freisin é ar mhodhanna oibre an ealaíontóra agus is pointe tagartha úsáideach é ina oeuvre ealaíonta.

Rugadh Gerda Frömel sa tSeicslóvaic agus ba as an nGearmáin dá tuismitheoirí. Tógadh sa Ghearmáin í, áit a ndearna sí staidéar ar an dealbhóireacht in Stuttgart, Darmstadt agus Munich. Bhog sí go hÉirinn i 1956. Ina luathobair, d'oibrigh sí le cré-umha, marmar, albastar agus cruach dhosmálta, agus d'fhorbair a dealbhóireacht shiombalaíoch luath ansin i dtreo na fíorthéibíochta,

mar ar ghabh sí solas agus gluaiseacht trí na hábhair agus trí shimplíocht foirme. Thaispeáin Frömel a saothar go forleathan in Éirinn ó na 1950idí i leith. Cuireadh taispeántas mór iardhearcach dá saothar i láthair i nDánlann The Hugh Lane, Baile Átha Cliath, i 1976.

Áirítear sa bhailiúchán seo thart ar fiche leabhar sceitseála ina bhfuil neart sceitsí, chomh maith le líníochtaí ullmhúcháin agus forbartha do dhealbha an ealaíontóra, leabhair nótaí ina bhfuil nótaí gairmiúla agus pearsanta, agus seacht bhfillteán ina bhfuil grianghraif den ealaíontóir agus a hobair, anuas ar bhailiúcháin earraí inbhailithe a bhaineann lena cleachtas.

Gabhaimid buíochas mór le páistí an ealaíontóra, Killian, Moritz agus Oliver Schürmann, a bhronn an bailiúchán seo ar Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann, as a bhflaithiúlacht.



Bailiúchán Eric Shanes.

Bailiúchán Eric Shanes

Cuimsítear i mbailiúchán Eric Shanes, a bhronn a bhean Jackie Darville, leabharlann an scríbhneora ealaíne iomráitigh úd. Thacaigh an bailiúchán seo lena thaighde i rith tréimhse breis is daichead bliain, agus díríonn sé ar an uiscadhathadóir Sasanach, Joseph Mallord William Turner (1775–1851). Áirítear sa saothar bronnta 207 leabhar faoi Turner, a raibh Eric Shanes ina údar ar dheich gcinn díobh, agus cúig leabhar is tríocha eile a bhfuil nótaí sna himill iontu, rud a thugann léargas tábhachtach ar phróisis smaointeoireachta agus modhanna taighde an scríbhneora. Anuas air sin, tá eagráin den iris *Turner Studies* agus eagráin de *Turner Society News* san áireamh sa saothar bronnta, a raibh Eric Shanes ina eagarthóir orthu.

Taispeántais



'Good Morning Mister Turner': Niall Naessens agus J.M.W. Turner

1 Eanáir -31 Eanáir 2018

- ✖ An Gailearaí Priontaí | Saorhead isteach
- ✖ Arna léiriú ag Niall Naessens & Anne Hodge

In Eanáir 2018, bhí pictiúir uiscedhatha Turner ó bhailiúchán an Ghailearaí, pictiúir ar mór ag an nGailearaí iad amach is amach, ar crochadh le hais saothair nua ón déantóir priontaí Éireannach, Niall Naessens. Thapaigh líon mór cuairteoirí an deis chun taitneamh a bhaint as saothar daite nua le déantóir priontaí comhaimseartha a bhfuil meas mór air, i gcomhluadar mórealaíontóra den scoth. Léirigh an taispeántas an tionchar atá ag Turner fós agus an spreagadh a thugann sé, fiú beagnach 250 bliain tar éis dó teacht ar an saol. Cuireadh foilseachán lándaite ar fáil (clúdach mar atá léirithe) ina bhfuil íomhánna de na priontaí agus líníochtaí nua uile, mar aon le haistí leis an ealaíontóir, léiritheoir Anne Hodge agus léirmheastóir is scríbhneoir, Luke Naessens.



**CLÚDACH CHATALÓG TAISPEÁNTAIS
'GOOD MORNING MISTER TURNER'.**

- ✖ Íomhá Chlúdaigh: NGI.2018.33.5, Niall Naessens (b.1961), *Artist Seen Taking in the Morning*, 2017.

Míníonn an t-ealaíontóir thíos an dúspéis atá aige in Turner:

Chonaic mé saothar Turner den chéad uair nuair a thug mé cuairt ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann maidin dhorcha amháin i mí Eanáir agus mé i mo scoláire ealaíne. An fáth a spreagann Turner an oiread sin mé ná an cumas atá aige, solas a ghabháil. Bainim taitneamh as an íoróin gur gá an solas a cheilt ar na pictiúir uiscedhatha Vaughan ar feadh aon mhí dhéag sa bhliain cé gur iontach a léiríonn siad féin an solas. Ba dhúshlán spreagúil dom é saothar a chruthú don 'roinnt seomra' a bhí agam le Turner. Is é an réasúnaíocht [...] ná ómós a thabhairt do Turner agus comhrá a thosú faoi bhreathnú ar thírdhreach agus faoi phictiúir thírdhreacha a dhéanamh.

Chruthaigh Naessens a eitseálacha daite casta de thírdhreach Chiarraí, a bhfuil teagmhais mheitéareolaíocha ina mbunús leo, trí leas a bhaint as plátaí líonmhara. Chuir sraith líníochtaí ar mhórsála i ngraifít agus gouache leis na priontaí. Thaispeáin an Gailearaí pictiúir uiscedhatha Turner le hais saothair nua ó dhéantóir priontaí comhaimseartha iomráiteach as Éirinn, agus ar an gcaoi sin, spreag sé lucht spéise nua le cuairt a thabhairt ar an nGailearaí agus thug siad léargas nua ar Turner do chuairteoirí rialta. Is é an aidhm atá againn leanúint d'iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an bailiúchán ealaíne náisiúnta a bheith ábhartha do chleachtas ealaíne na n-ealaíontóirí comhaimseartha, agus iad a spreagadh.

Emil Nolde: Colour is Life

14 FEABHRA–10 MEITHEAMH 2018

- Seomraí 6–10
- Arna léiriú ag Sean Rainbird & Janet McLean

Ba é Emil Nolde (1867–1956; beirthe Emil Hansen) duine de na healaíontóirí Gearmánacha is iomráití ar fad a bhí ann sa chéad leath den fhichiú haois. Cé go raibh sé ina bhall de *Die Brücke* (An Droichead) ar feadh tréimhse, chothaigh sé fíis thar a bheith neamhspleách mar ealaíontóir, déantóir priontaí agus uiscadhathadóir. I rith a ghairmréime, d'fhill sé ar chroílár an tírdhreacha inar tógadh é agus lonnadh sé go buan ansin in Seebüll, Schleswig-Holstein, sa réigiún teorann idir an Ghearmáin agus an Danmhairg. I 1902, phós sé an t-aisteoir Danmhairgis, Ada Vilstrup, agus ghlac sé ainm a áite dúchais, 'Nolde'.

Ba chomhar é an taispeántas seo idir Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, Gailearaí Náisiúnta na hEalaíne Comhaimseartha in Albain agus Fondúireacht Emil Nolde in Seebüll. San áireamh ann bhí breis is 120 pictiúr, líníocht, pictiúr uiscadhatha agus prionta, a roghnaíodh ó bhailiúchán Fhondúireacht Emil Nolde.

Cuireadh pictiúr agus pictiúr uiscadhatha ó bhailiúchán an Ghailearaí ar taispeáint freisin. Eagraíodh an taispeántas de réir cúig phríomhthéama a bhain le gairmréim fhada bhisiúil an ealaíontóra ina hiomláine, mar atá – Heimat (áit dúchais); Cathair Mhór; Coimhlint & Eacstais; Taisteal chuig an bhFarraige Theas; agus Dúlra & Fantaisíocht. Áiríodh ar na saothair portráidí, radhairc reiligiúnacha, radhairc thírdhreacha agus mhuidhreacha, pictiúir de bhláthanna, pictiúir den taobh istigh de chaiféanna agus cheabairé, agus grúpa pictiúr uiscadhatha a nglaoitear 'pictiúir gan péinteáil' orthu. Chomh maith le haird a dhíriú ar shamhlaíocht Nolde mar dhathadóir, thug an taispeántas deis do chuairteoirí amharc ar a shaothair mar dhéantóir priontaí den scoth, mar shampla *The Prophet* agus *Young Couple*.

Rinne Keith Hartley, Gailearaí Náisiúnta na hEalaíne Comhaimseartha in Albain, eagarthóireacht ar an gcatalóg taispeántais (arna foilsiú ag Gailearaithe Náisiúnta na hAlban), agus tá aistí san áireamh leis an Dr Astrid Becker, Frances Blythe, Keith Hartley, Sean Rainbird agus an Dr Christian Weikop.



'EMIL NOLDE: COLOUR IS LIFE'
SUITEÁN TAISPEÁNTAIS

- Obair Ealaíne © Nolde Stiftung Seebüll.



EMIL NOLDE (1867–1956)

- Women in the Garden*, 1915,
© Nolde Stiftung Seebüll.

A to Z: Early Sources in Art History 1550–1900

1 MÁRTA–17 MEITHEAMH 2018

- Seomra | Saorchead isteach
- Arna léiriú ag Andrea Lydon agus Catherine Sheridan, le cabhair ó Andrew Moore

Sa taispeántas seo, cuireadh rogha imleabhar uathúil ó Leabharlann Sir Denis Mahon ar taispeáint sa ghailearaí leabharlainne agus cartlainne nua, Seomra 11. Áiríodh sa taispeántas foclóirí agus ciclipéidí a raibh ról suntasach acu i ndoiciméadú na healaíne agus sa staidéar léannta ina dhiaidh sin ar na hamharc-ealaíona.

Ba chomóradh é ar an tábhacht a bhaineann le rogha príomhfhoilseachán tagartha, agus chuir sé taifead ar fáil ar fhorbairt foclóirí agus ciclipéidí ealaíne i gcaitheamh ceithre chéad. Bhí glacadh an-mhaith leis an taispeántas seo agus ba sheans iontach é aird a dhíriú ar luathfhoinsí tábhachtacha stair na healaíne atá á gcoimeád sa leabharlann. Bhí clár turas agus cainteanna bunaithe ar an taispeántas ar fáil freisin do chuairoteoirí.



- 'Early Sources in Art History 1547-1900' Suiteán Taispeántais.

Guercino: Journey of a Masterpiece

10 MÁRTA-27 BEALTAINÉ 2018

- Seomra Hugh Lane | Saorchead isteach
- Arna léiriú ag an Rannóg Caomhantais

D'oibrigh Foireann Caomhantais Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann i gcomhpháirt le Rannóg Caomhantais Mhúsaem J. Paul Getty, atá lonnaithe in Los Angeles, ar an tionscadal taighde agus caomhantais dhá bhliain seo.

Le linn don phictiúr a bheith san Ionad Getty in Los Angeles, rinne foireann caomhnóirí, coimeádaithe agus eolaithe

ón Getty agus ó Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann araon taighde caomhantais casta ar an bpictiúr. Ba iad Cartlanna Denis Mahon anseo sa Ghailearaí Náisiúnta agus an Leabharlann ag an Institiúid Taighde Getty a d'éascaigh na staidéir ar stair na healaíne. Ba í an anailís dhomhain sin a sholáthair léargas níos saibhre agus níos doimhne ar na hábhair agus na teicnící a d'úsáid an t-ealaíontóir barócach iomráiteach seo. Rinneadh an pictiúr a nochtadh i dtaispeántas tiomnaithe sa seomra Hugh Lane.



GUERCINO: JOURNEY OF A MASTERPIECE

- Guercino (1591-1666), *Jacob Blessing the Sons of Joseph*, c. 1620.



- 'Guercino: Journey of a Masterpiece' Suiteán Taispeántais, Seomra Hugh Lane.



- Íomhá aicmithe ilspeictreach ó fheiceálach go hinfridhearg. Freagraíonn na dathanna éagsúla le líocha éagsúla. Mar shampla, úsáideadh dubh ag an mbarr agus oráiste gar don léaslíne, agus tugann sin le fios b'fhéidir, gur baineadh leas as dhá lí ghorma éagsúla. © Iontaobhas J. Paul Getty.

Drawing Dublin

5 BEALTAINÉ-26 LÚNASA 2018

- ↘ An Gailearaí Priontaí | Saorchead isteach
- ↘ Arna choimeád ag Anne Hodge

Ba í Anne Hodge a tháinig suas leis an taispeántas seo agus a léirigh é, agus áiríodh leis seachtó saothar a tógadh ó bhailiúcháin shaibhre ar pháipéar an Ghailearaí. Dhírigh sé ar an chaoi ar spreag Baile Átha Cliath agus a chultúr an chruthaitheacht in amharc-ealaíontóirí i gcaitheamh na gcéadta. Áiríodh sa taispeántas líníochtaí a rinne ealaíontóirí ar mhaithe lena gcuspóirí faoi leith féin: lena dtiontú go hábhar clóite agus lena ndíol chun brabús a dhéanamh i gcás na bpictiúr uiscadhatha d'fhoirgnimh phoiblí a rinne James Malton, agus chun ailtireacht na cathrach, a bhí ag imeacht as radharc, a ghabháil i gcás shaothar Flora Mitchell; maidir le Harry Kernoff, d'úsáid sé a sceitseálacha peann luaidhe mionsonraithe mar inspioráid dá phictiúir ola ildaite.

Chomh maith leis na saothair sin a bhfuil tóir chomh mór sin orthu, léiríodh sa taispeántas áiteanna agus daoine gan ainm a bhfuil dearmad déanta orthu, mar shampla cairéal i Ráth Garbh le George Petrie agus portráid thochtmar Sarah Purser de bhean darbh ainm Mrs Moore, a chónaigh sna tionóntáin taobh thiar de Shráid an Mhóta. Bhí an-ráchairt ar sceitseálacha mealltacha de ghnáthdhaoine as Baile Átha Cliath le healaíontóir gloine daite, Michael Healy – bean ag brú pram, fir dhífhostaithe, páistí i bhFaiche Stiabhna.

I léirmheas Aidan Dunne san Irish Times, chuir sé síos ar 'Drawing Dublin' mar 'taispeántas cuimsitheach, a cruthaíodh go cúramach agus a chuireann eisint na cathrach in iúl i dtéarmaí áite agus pearsantachta, chomh maith le creatlach fhisiciúil, agus spiorad agus carachtar mhuintir na háite, agus iad ag síorfhás is ag síorleathnú ... [taispeántas] a n-éiríonn leis an chothromaíocht cheart shaibhrithe a aimsiú idir áiteanna agus daoine.' (Irish Times, 8 Bealtaine 2018)



- ↘ 'Drawing Dublin' Suiteán Taispeántais, Taobh Amuigh den Seomra Priontaí.

Circus250: Art of the Show

9 MEITHEAMH-14 DEIREADH FÓMHAIR

- Seomra 31/Seomra Hugh Lane | Saorhead isteach
- Arna léiriú ag Joanne Drum

Circus250: Ba é 'Art of the Show' an cion a rinne an Gailearaí ar mhaithe leis an gcomóradh ar fud na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann ar 250 bliain den sorcas. Ba dheis é saothair a chur ar taispeáint ón mbailiúchán agus ón gcartlann, agus chun saol an tsorcais a thabhairt chuig an nGailearaí. Ba í Joanne Drum ó Rannóg Oideachais an Ghailearaí a bhí ina léiritheoir ar an taispeántas, agus ba é a haidhm ná go meallfadh sé daoine de gach saghas; chuige sin, crochadh na saothair níos ísle ná mar ba ghnáth, baineadh leas as teanga shothuigthe, agus cuireadh ceisteanna ar chomharthaíocht an taispeántais.


Bhí aon saothar ealaíne is fiche ar taispeáint, agus iad ag díriú ar obair ealaíontóirí Éireannacha nó obair inar léiríodh saol an tsorcais in Éirinn.

Bhí réimse meán éagsúil i gceist: péintéireacht ola agus uiscadhatha, líníocht, déanamh priontaí, dearadh grafach agus clóghrafaíocht. Áiríodh leis na saothair freagairtí éagsúla na n-ealaíontóirí don sorcas, idir sceitseálacha le hais an fháinne agus léirithe ó chuimhne nó ón tsamhlaíocht. Ar na healaíontóirí a taispeánadh, bhí Jack B. Yeats, Mainie Jellett, Percy Francis Gethin, Mary Swanzy, George Joseph Huband, Harry Kernoff agus Martin Gale.

Ba phóstaeir shorcais ó c.1898 go dtí 1913 iad ceithre cinn de na saothair a bhí ar taispeáint, a tógadh ón gCartlann Yeats. A bhuíochas le foireann caomhantais oilte an Ghailearaí, cóireáladh na míreanna thar a bheith sobhrise sin agus ullmhaíodh le haghaidh an taispeántais iad; ar deireadh, bhí siad ar na taispeántáin is mó a raibh tóir orthu sa seó.

Mar mhaisiú ar an taispeántas, cuireadh clár poiblí suntasach turas agus imeachtaí ar siúl le haghaidh réimse leathan luchtanna spéise. Bhí maisitheoir agus ealaíontóir grafach Steve Simpson ina ealaíontóir cónaithe don taispeántas. Cuireadh léirithe sorcais ar siúl sa Ghailearaí, rud a chuir an sorcas faoi bhráid an phobail in áit nach mbeifeá ag siúl leis de ghnáth. Ba iad na míreanna taispeántais a cuireadh ar siúl ná an bheirt fhuirseoirí acrabatacha, Lords of Strut; Dublin Circus Project; an lámhchleasáí Gentleman Juggler Mat Ricardo; an bobaide Johnie K.; agus freangálaí is fuirseoir Jonathan Burns. I gcaitheamh a sraithe léirithe i mBaile Átha Cliath, thug taibheoirí ó Cirque du Soleil cuairt ar an taispeántas freisin.

An comhar bliana nua idir an salón ingne, Tropical Popical, agus na himeachtaí Go Déanach ar an Déardaoin sa Ghailearaí, is le Circus250 a cuireadh tús leis. Luadh go minic sna meáin é mar thoradh ar a léirmhíniú dochreidte ar an taispeántas ingne, lenar áiríodh mír ar Nuacht RTÉ.



'Circus250: Art of the Show'
Suiteán Taispeántais,
Seomra Hugh Lane.

Roderic O'Connor and the Moderns: Between Paris and Pont-Aven

18 IÚIL-28 DEIREADH FÓMHAIR

- Seomraí 6-10
- Arna choimeád ag Brendan Rooney

Roderic O'Connor and the Moderns: Dhírigh 'Between Paris and Pont-Aven' ar an saothar a chruthaigh O'Connor, a rugadh i Ros Comáin, agus an-chuid dá chomhaoisigh i bpobal ealaíontóirí clúiteach Pont-Aven. Ba é seo an chéad taispeántas ar mhórsála riamh a tiomnaíodh do shaothar O'Connor i meáin éagsúla le tríocha bliain anuas; léirigh sé an cion a rinne an t-ealaíontóir ar mhaithe le forbairtí avant-garde sa Fhrainc agus rinne sé iniúchadh ar an gcaoi a raibh sé faoi chomaoín ag ealaín a réamhtheachtaithe agus a chomhaoisigh. Ar na daoine sin, bhí Vincent Van Gogh, ealaíontóir a bhfuair O'Connor taithí ar a chuid oibre i bPáras agus sa Bhriotáin araon. Taispeánadh saothair le Paul Gauguin, dlúthchomhghleacaí de chuid O'Connor sa Bhriotáin, ag an taispeántas freisin, chomh maith le saothair le Armand Seguin, Paul Sérusier, Maurice

Denis agus Émile Bernard, i measc daoine eile. Rinneadh iniúchadh sa taispeántas ar an gcaoi a raibh O'Connor faoi chomaoín ag ealaín na Fraince, ach breathnaíodh freisin ar an tionchar a bhí ag O'Connor féin dá réir, go háirithe ar an ealaíontóir Eilvéiseach, Cuno Amiet. D'oibrigh an bheirt go dlúth le chéile i rith na tréimhse a chaith O'Connor in Pont-Aven, agus i bhfad tar éis dóibh imeacht ó aithne ar a chéile, bhí lorg nuálaíochtaí an Éireannaigh le sonrú ar shaothar Amiet.

Is ar an tréimhse ó shroich O'Connor an Bhriotáin in 1897 go dtí gur fhág sé í i 1903 a dhíríonn 'Roderic O'Connor and the Moderns' go huile is go hiomlán, ós rud é gur i rith an ama sin a chruthaigh sé an obair is fearr dá ghairmréim. Áiríodh sa taispeántas saothair ó bhailiúcháin phoiblí agus phríobháideacha araon, nach raibh cuid díobh feicthe riamh roimhe sin ag an bpobal. Bhí an taispeántas bunaithe ar thaighde nua le Jonathan Benington, atá gafa le staidéar ar O'Connor le breis is tríocha bliain anuas. Thug sé deis don Ghailearaí iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairt stíl eispriseanaíoch inaitheanta O'Connor, aitheantas a thabhairt dá spiorad neamhspleách, ach freisin, a shaothar a chur i láthair le hais an tsaothair a rinne an-chuid de na healaíontóirí a raibh meas aige orthu agus ar chuir sé é féin i gcomparáid leo.

- Roderic O'Connor: Breton Woman Knitting Bailiúchan Príobháideach. Le caoinhead ó Browse & Darby Limited, Londain.



- Cuno Amiet: Breton Woman, 1892 Kunstmuseum, Olten © D. Thalmann, Aarau, An Eilvéis.

[In]Visible: Irish Women Artists from the Archives

11 IÚIL 2018–6 Eanáir 2019

- Seomra 11
- Arna léiriú ag Leah Benson, Emma O'Toole agus Tanya Keyes


Tá cartlann thábhachtach i seilbh Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, a bhaineann le forbairt ealaín na hÉireann agus an stair ghaolmhar. Sa taispeántas seo, cuireadh rogha ábhair ó Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann agus ó Chartlann Yeats ar taispeáint, a raibh baint aige le healaíontóirí mná ón luathfhichiú haois déag. Díríonn sé aird ar a gcleachtas agus ar an gcion a rinne siad ar mhaithe le taispeántais mhóra agus tionscnaimh ealaíonta. Rinneadh iniúchadh ar ghnéithe éagsúla de shaol, oideachas agus saothar grúpa ealaíontóirí, lena áiríodh Mary

Swanzy, Sarah Purser, Mainie Jellett agus Elizabeth Corbet Yeats, chun béim a leagan ar an ról tábhachtach a bhí ag mná i bhforbairt na healaíne comhaimseartha in Éirinn.

Ba chuid lárnach den taispeántas seo é 'Source', tionscadal atá dírithe ar bhailiúchán ábhair cartlainne agus leabharlainne an Ghailearaí i ndáil le stair na healaíne in Éirinn a chatalógú agus a dhigitiú, agus rochtain dhigiteach a sholáthar air. I rith na chéad chéime den tionscadal, díreoidh Source ar ábhair i dtaca le healaíontóirí mná Éireannacha a bhailiú ó Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann, agus áiríodh rogha an ábhair sin sa taispeántas thuas.

Curious Creatures: Frans Post and Brazil

Clúdach Catalóige an Taispeántais 'Curious Creatures: Frans Post and Brazil'. Íomhá Chlúdaigh: Taipir ó Mheiriceá Theas, Uiscadhath agus gouache, le peann agus dúch, thar ghraifít, 15.8 x 20.9 cm. Uimh. far. 53004658_2; Le caoinchead ó Noord-Hollands Archief, Haarlem.



8 MEÁN FÓMHAIR-9 NOLLAIG 2018

- An Gailearaí Priontaí | Saorhead isteach
- Arna léiriú ag Niamh MacNally

Is mór againn an tacaíocht don taispeántas seo ó Chairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann

Ba dheis annamh an taispeántas seo, a raibh Niamh MacNally á léiriú, chun amharc ar ghrúpa iontach líníochtaí athfhionnta leis an ealaíontóir Ísiltíreach ón seachtú haois déag, Frans Post (1612–1680), mar aon le cuid de na radhairc Bhrasaíleacha thábhachtacha a phéinteáil sé. I 1636, thaistil Frans Post chuig an mBrasaíl faoi phátrúnacht Johan Maurits (1604–1679), Cunta Nassau-Siegen, a ceapadh mar an chéad Ardghobharnóir ar an gcoilíneacht Ísiltíreach nua. Ag an am sin, bhí cuid leathan de Bhrasaíl thoir thuaidh á rialú ag an Ísiltír. Chaith Post seacht mbliana ag tarraingt flóra agus fána andúchasach na críche úd. B'inspioráid dó fós an Bhrasaíl tar éis do filleadh ar an Ísiltír in 1644.

Cuireadh ceithre líníocht daite is tríocha faoi leith i láthair d'ainmhithe andúchasacha ó Mheiriceá Theas, líníochtaí a tháinig chun solais le déanaí sa chartlann, Noord-Hollands Archief, in Haarlem.

Ba mhaith a chuaigh na líníochtaí sin sa taispeántas le pictiúr iontach Post ó bhailiúchán Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, *Brazilian Landscape with a Sugar Mill by Post* (1660idí). Léirítear sa phictiúr painéil seo plandáil siúcra Ísiltíreach, chomh maith le flúirse ainmhithe chun tosaigh, ina measc ailigéadair, armadailíní, arcáin talún, capabára agus moncaí. Ar na príomhshaothair eile a bhí ar taispeáint, bhí sárshaothar Post, *View of Olinda, Brazil* (1662; Rijksmuseum, Amstardam), agus *Sugar Mill* (c.1640; Atlas Van Stolk, Rotterdam). D'oibrigh an Gailearaí ar an taispeántas seo i gcomhpháirt le Músaem Stair an Dúlra, óna bhfuair siad rogha eiseamal seitheadóireachta de na hainmhithe a bhí léirithe i saothair an ealaíontóra. Chuir an comhar thuas lenár gcomhinstiúid feabhas mór ar an taispeántas, agus bhí an-tóir air i measc cuairteoirí chuig an taispeántas, idir óg agus aosta. Ba mhaisiú ar an taispeántas freisin an chatalóg taispeántais a chuir Niamh MacNally in eagar. Sholáthair an rannóg oideachais clár leathan traschuraclaim de thurais agus cheardlanna le haghaidh daltaí bunscoile agus iarbunscoile. Lena hais sin, bunaíodh tionscadal digiteach um malartú cultúrtha idir scoil sa Bhrasaíl agus scoil in Éirinn d'fhonn iniúchadh a dhéanamh ar na difríochtaí ina dtimpeallachtaí áitiúla. Chuir Ambasadóir na Brasaíle i mBaile Átha Cliath an-chuid tacaíochta ar fáil don Chlár Oideachais agus don imeacht seolta. Ba í Iar-ambasadóir na Brasaíle chun na hÉireann, H.E. Mrs Eliana Zugaib, a d'oscail an taispeántas. Is mór againn freisin an tacaíocht don taispeántas seo ó Chairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Gradam Portráide Zurich 2018

6 DEIREADH FÓMHAIR 2018-13 Eanáir 2019

- Seomra 23 | Saorhead isteach
- Arna choimeád ag Brendan Rooney

Ba é 2018 an chéad bhliain de Ghradam Portráide Zurich, agus an cúigiú bliain as a chéile a reáchtáil an Gailearaí comórtas portráide. Tugadh cuireadh d'ealaíontóirí lonnaithe in Éirinn agus ealaíontóirí Éireannacha lonnaithe thar lear obair a chur faoinár mbráid a bhí tugtha chun críche le trí bliana anuas. Ní raibh aon srianta i gceist maidir le meáin, agus áiríodh sna hiarratais sampla ionadaíoch leathan d'ealaín, a chuimsigh dealbha, suiteálacha, míreanna físeáin, grianghraif, líníochtaí agus pictiúir. Mheall an comórtas beagnach 300 iarrthóir, a raibh an-chuid díobh tar éis páirt a ghlacadh i gcomórtais roimhe, agus bhí

caighdeán ard thar na bearta ag baint lena gcuid oibre. Ba iad na moltóirí ná Tanya Kiang (Comhstiúrthóir/Príomhfheidhmeannach an Ghailearaí Grianghrafadóireachta, Baile Átha Cliath), Geraldine O'Neill (ealaíontóir), agus Sue Rainsford (scríbhneoir agus taighdeoir). Bhí cúig shaothar is fiche ar an ngearrliosta, le healaíontóirí ó gach cearn d'Éirinn agus níos faide ar shiúl. Ba é buaiteoir an chomórtais ná Mandy O'Neill as a saothar Diane, Larkin Community College, 2018. Ba é sin an chéad uair a bronnadh duais as grianghraf, agus an tríú huair a bhí O'Neill ar an ngearrliosta. Bronnadh gradaim le haghaidh Saothair a Thuill Ardmholadh ar Kim Haughton as a grianghraf de J.P. Donleavy, agus ar Blaise Smith as a phictiúr, My Parents, Allen and Elizabeth Smith.



ÍOMAITHEOIRÍ SA BHABHTA DEIRIDH, GRADAM PORTRÁIDE ZURICH 2018

- Ar chúl ó chlé: Miseon Lee, Cara Dunne, Debbie Godsell, Yvette Monahan, Mandy O'Neill, Brian Hunt (Ceannasaí Gnóthaí Rialála & Ceannasaí Gnóthaí Rialtais agus Tionscail, Zurich Insurance plc), Brendan Rooney (Léiritheoir), Stephen Doyle, David Booth, Martin Redmond, Nicholas Benedict Robinson, Jonathan Mayhew, Gillian Morrow.
- Chun tosaigh ó chlé: Will O'Kane, Peter Bradley, Robert Ellis, Thomas Jenner, Fionn McCann, Darragh O'Connell, Connor Maguire agus Salvatore Fullam (Salvatore of Lucan).

Markievicz: Portraits and Propaganda


**27 DEIREADH FÓMHAIR 2018-10
FEABHRA 2019 | SAORCHEAD ISTEACH**

Arna léiriú ag Donal Maguire

Bhí an ceathrú taispeántas d'Ionad BSL um Staidéar ar Ealaín na hÉireann, 'Markievicz: Portraits and Propaganda', seolta ar an 6 Samhain ag Ceann Comhairle Dháil Éireann, Seán Ó Fearghaíl, agus Stiúrthóir Feidhmiúcháin Réiteach do Chustaiméirí, BSL, Marguerite Sayers. Ar ócáid chomóradh céad bliain ó bhí Markievicz mar an chéad bhean a toghadh ar Pharlaimint na Ríochta Aontaithe (1918) agus ó bunaíodh an chéad Dáil (1919), a raibh sí ina comhalta di, rinne an taispeántas seo iniúchadh ar an ról a bhí ag an bportráidíocht ó thaobh a híomhá phríobháideach agus phoiblí a mhúnlú de. Foilsíodh leabhrán in éineacht leis an taispeántas, agus áirítear leis aiste le Emma O'Toole, Comhalta de chuid CSIA an BSL.

Mar chuid den taispeántas seo, thug an Gailearaí cuireadh do Amanda Coogan, atá ar na healaíontóirí comhaimseartha is clúití in Éirinn, saothar ealaíne nua a chruthú d'fhonn céad bliain a chomóradh. Ba léiriú uaillmhianach ar mhórsála é 'Floats in the Aether', a chuimsigh sraith imeachtaí ina raibh breis is 100 bean agus cailín ó chúdraí agus chomhthéacsanna sóisialta éagsúla páirteach. I ngach imeacht, threoraigh Coogan mórshiúl mall ciúin, a raibh cóiréagrafaíocht déanta air, trí sheomraí stairiúla an Ghailearaí Náisiúnta. Cuireadh na léirithe sin ar siúl gar do phríomdhátaí tríd an taispeántas.

Gabhaimid buíochas mór don BSL agus do Thithe an Oireachtais as a dtacaíocht don taispeántas seo.



Boleslaw von Szankowski (1873 – 1953)
Countess Markievicz, 1901 (Sonraí)
Bailiúchán & Íomhá ©
Dánlann Hugh Lane,
Baile Átha Cliath
(Cláruimhir 688)..

Perspectives: World War I stories from the National Gallery of Ireland

10 SAMHAIN 2018–1 FEABHRA 2019

- Seomra Léitheoireachta Sir Denis Mahon, Uimh. 90 Cearnóg Mhuirfean
- Arna léiriú ag Andrea Lydon agus Leah Benson, le cabhair ó Andrew Moore

An taispeántas comórtha ar leith seo, a fuair tacaíocht ó lontaobhas Sir Denis Mahon, tharraing sé ar bhailiúcháin shaibhre chartlainne agus leabharlainne an Ghailearaí chun cuntais a nochtadh faoin ealaín agus faoin tsochaí i rith na tréimhse 1914–1918. Ba thréimhse é am an chogaidh ina raibh suaitheadh agus athrú sóisialta ollmhór, ach ba dhúshlán nua é sin d’ealaíontóirí, agus thosaigh an-chuid díobh ag glacadh páirt i ngnéithe difriúla d’iarrachtaí an chogaidh. An t-ábhar a bhí ar taispeáint, bhí sé ag teacht le comóradh céad bliain ó bhí an Sos Cogaidh ann a chuir deireadh leis an gcoinbhleacht i Samhain 1918, agus thug an t-ábhar sin léargas ar an saol ealaíonta agus sóisialta le linn na tréimhse tábhachtaí sin. San áireamh sa taispeántas freisin, den chéad uair in Éirinn, bhí leabhair sceitseála le Bice Visconti (1883–1962), ealaíontóir Iodálach a d’oibrigh go deonach le Cumann na Croise Deirge san Iodáil. Tugadh na líníochtaí le Visconti ar iasacht le caoinchead ó bhailiúchán poiblí atá á bhainistiú ag lontaobhas Carthanais Sir Denis Mahon. Ós rud é nach gnáthspás Gailearaí a bhí sa seomra léitheoireachta, ba ghá coinne a dhéanamh le dul isteach sa taispeántas, agus bhí sé ar oscailt ar dhátaí roghnaithe le haghaidh daoine ag siúl isteach.

Cuireadh clár ardéilimh ar fáil do pháistí bunscoile mar thoradh ar chomhar idir an fhoireann leabharlainne agus cartlainne. Oibríodh i gcomhpháirt le Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD, Acadamh na dTaibh-Ealaíon Ad Astra, agus Deich mBliana de Chomóradh Céad Bliain UCD chun an deis a thabhairt do mhic léinn tríú leibhéal a bheith gafa leis an ábhar sa taispeántas, agus mar chuid den chomhoibriú sin, úsáideadh na scéalta a taifeadadh sna cartlanna chun próiseas scríbhneoireachta cruthaithí na mac léinn a spreagadh.

Ba é buaicphointe deiridh an chomhair sin ná léiriú filíochta agus ceoil ar an Domhnach 11 Samhain chun céad bliain a chomóradh ó bhí an Sos Cogaidh ann. Faoi chomhair an imeachta seo, tarraingíodh le chéile dánta agus scríbhinní faoin gcogadh le 100 bliain anuas, ina measc saothair ó bhailiúcháin an Ghailearaí, agus iarradh ar na daoine a d’fhreastail ar an imeacht, a bhí ar siúl i Stiúideo Sciathán na Mílaoise, machnamh a dhéanamh ar eispéireas na coimhlinte agus tragóid an chogaidh ó thaobhanna éagsúla de.



Photo : Chancellor

The Late PERCY FRANCIS GETHIN,

Perspectives: World War I stories from the National Gallery of Ireland. Percy Francis Gethin (1874–1916) Grianghraf den ealaíontóir i gcló in “The Artists’ Rifles Journal”, (Meán Fómhair–Deireadh Fómhair 1916), chun dul le tuairisc bháis i ndiaidh a bháis.

I Sligeach a rugadh Percy Gethin agus d'oibrigh sé mar theagascóir ealaíne roimh an gcogadh. Cé go raibh sé níos sine ná an aois don liostáil, chuaigh sé le Reisimint Ridhfil na nEalaíontóirí in 1914 agus coimisiúnaíodh é ina oifigeach i Reisimint Devonshire ansin in 1915. Maraíodh é ar an 28 Meitheamh 1916, roimh Chath an Somme. Tá sé curtha i Reilig Devonshire, Mametz, An Frainc.

CUAIRTEOIRÍ AR AN TAISPEÁNTAS I SEOMRA LÉITHEOIREACHTA SIR DENIS MAHON

Canaletto and the Art of Venice

5 NOLLAIG 2018–24 MÁRTA 2019

Seomraí 6–10

Arna choimeád ag Anne Hodge

Áiríodh sa taispeántas tábhachtach ar iasacht seo líníochtaí agus pictiúir ó Bhailiúchán Ríoga Bhanríon Shasana, ina measc saothair le Canaletto agus comhaoisigh dá chuid amhail Sebastiano agus Marco Ricci, Francesco Zuccarelli agus Giovanni Battista Piazzetta. Is maith a chuir an taispeántas pearsantacht, corraíl agus fuinneamh na Veinéise san ochtú haois déag in iúl. Ba chuimhneacháin ardéilimh iad radhairc idéalaithe Canaletto ar a chathair dhúchais i measc na 'gCuairteoirí Móra' Sasanacha agus Éireannacha a phlódaigh sráideanna na Veinéise i rith na tréimhse úd.

Ba é Gailearaí Náisiúnta na hÉireann an tríú láthair don taispeántas, agus ba é seo an dara comhar rathúil le hlontaobhas an Bhailiúcháin Ríoga; d'fhorbair a léiritheoirí Lucy Whitaker

agus Rosie Razzall an taispeántas agus scríobh siad an chatalóg a cuireadh leis. Ba í Anne Hodge a léirigh thar ceann Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann é, agus bhí cuma bun os cionn difriúil air leis an gcuma a bhí ar na leaganacha den taispeántais a cuireadh ar siúl i Londain agus Dún Éideann. Ceann de na buaicphointí ná an tsraith pictiúr den Chanáil Mhór, iad ar taispeáint i bhfrámaí ar dhath an óir agus toin ghalánta liath mar chúlra acu. Cé go raibh na pictiúir déchrochtha sna láithreacha eile, crochadh gach ceann ina aonair anseo chun go bhféadfadh daoine taitneamh a bhaint as gach aon radharc díobh, amhail is dá mbeidís ag taisteal feadh na Canáile Móire ar ghandala. Bhí an-tóir ar an taispeántas i measc cuairteoirí agus léirmheastóirí araon, agus chuir Aidan Dunne síos air mar 'thaispeántas fíorálainn Canaletto, leigheas foirfe ar an ngeimhreadh' (Irish Times, 22 Nollaig 2018).



Grianghraf den taispeántas 'View of Canaletto and the Art of Venice', Gailearaí Náisiúnta na hÉireann, lena n-áirítear saothair ón mBailiúchán Ríoga Arna atáirgeadh le caoinchead ón Royal Collection Trust, Londain.



- Seoladh an taispeántais, Canaletto and the Art of Venice, ar an 4 Nollaig 2018
Justine Doswell a bhí i bpáirt an charachtair Veinéisigh
Reproduced by kind permission of the Royal Collection Trust, London.

Cúram a Dhéanamh den Bhailiúchán, Príomhthionscadail



Caomhnóir Pictiúr Ola, Maria Canavan, i mbun oibre ar Kitchen Maid with the Supper at Emmaus le Velázquez.

NGI.4538 Diego Velázquez (1599–1660), Kitchen Maid with the Supper at Emmaus

Ba thionscadal imscrúdaitheach naoi mí é seo inar cuireadh micreascópacht agus grianghrafadóireacht ultraivialait (UV) agus infridhearg i bhfeidhm, chomh maith le mionchóireálacha chun sraitheanna uachtair salachair agus vearnaíse ocsaídithe a bhaint, agus mionleasú stairiúil chun an bhunphéint a cheilt. Mar thoradh ar na cóireálacha sin, bhí aistriú le sonrú go soiléir sna gaolta tonúla laistigh den phictiúr,

chomh maith le léiriú níos dílse i bpríomháiteannna ina raibh damáiste, mar shampla, an ceannbheart, an t-éadach agus an bleibín gairleoige. Bhí soiléire agus sáithiú le feiceáil ar an dromchla arís de bharr na sraithe nua vearnaíse, agus tugadh chun solais sonraí a bhí ceilte roimhe sin ag vearnaíse agus ag salachar. Rinneadh an fráma a neartú, a ghlanadh agus a dheisiú freisin.



- NGI.4538 Diego Velázquez (1599-1660), Kitchen Maid with the Supper at Emmaus. Roimh na cóireálacha caomhnaithe.



- NGI.4538 Diego Velázquez (1599-1660), Kitchen Maid with the Supper at Emmaus. I rith an chaomhnaithe; dírónn grafaíocht frithchaithimh infridhearg aird ar chaillteanais sa tsraith péinte



- NGI.4538 Diego Velázquez (1599-1660), Kitchen Maid with the Supper at Emmaus. Tar éis an chaomhnaithe.

NGI.4540–4545 Bartolomé Esteban Murillo (1617–1682), an tsraith Prodigal Son

Tugadh caomhnú agus anailísiú teicniúil na sraithe *Prodigal Son* chun críche in 2018, próiseas ar cuireadh tús leis in 2012. Phéinteáil Murillo an tsraith seo i rith na deich mbliana is bisiúla dá chuid, agus is léiriú í ar pharabal a luaitear i Soiscéal Lúcaís. Sna sé phictiúr seo le Murillo, léirítear téamaí achrannacha a bhaineann le teannas teaghlaigh, caillteanas ábhair agus sochar spioradálta, agus le buanna bunúsacha an aiféala agus an mhaithiúnais.

Níor cuireadh an tsraith uathúil sé phictiúr seo i láthair an phobail leis na blianta mar go raibh géarghá ann na saothair a chaomhnú. Ós rud go bhfuil siad caomhaithe go hiomlán anois agus neart taighde déanta orthu, réachtálfar taispeántas i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann i bhFeabhra 2020 chun na

pictiúir seo a cheiliúradh agus chun na sonraí iontach suimiúil a nochtadh i rith an tionscadail caomhnaithe a chur faoi bhráid an tsaoil.

Mar chuid den taispeántas i bhfócas, díreofar aird ar thorthaí chaomhnú na bpictiúr agus ar an eolas a nochtadh, agus taispeánfar conas a spreagadh léiriú Murillo ar an bparabal an chéad lá riamh. Thug Gailearaí Náisiúnta na hÉireann faoin taighde thuas i gcomhar leis an Músaem Prado i Maidrid, agus tá an comhar sin tar éis ár dtuiscint ar an gcaoi ar cruthaíodh na sárshaothair seo a fheabhsú go mór, mar gur imigh an taighde thar dhromchla an chanbháis féin chun iniúchadh a dhéanamh ar na bonnachair agus na líocha a úsáideadh, agus ar na bunathruithe a tharla le himeacht ama.



NGI.4541, Bartolomé Esteban Murillo, The Departure of the Prodigal Son, tar éis an chaomhnaithe.

Clár Caomhantais Ealaíne Bank of America Merrill Lynch 2018

Bronnadh deontas ar an tionscadal Taighde agus Caomhantais seo mar chuid de Chlár Caomhantais Ealaíne Bank of America 2018.

Meastar gurb í Lavinia Fontana duine de na healaíontóirí mná is iomráití a bhí gníomhach i rith an Renaissance, agus bhíodh sí ag obair sa réimse céanna ina raibh comhealaíontóirí fir lasmuigh de chúirt nó clochar. Tá méid 256 x 325 cm sa phictiúr, atá ina phictiúr ola ar chanbhás, agus is é an pictiúr is mó de chuid Fontana a bhfuil eolas air. Is é aidhm an tionscadail taighde ná a próiseas teicniúil a mheas agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil sin tar éis dul i bhfeidhm ar dhíghrádú a saothair.

Trí anailísí eolaíochta, beifear in ann ábhair an phictiúir a aithint agus a imscrúdú, is é sin, líocha agus meáin táthaithe.

Éascóidh sin bailiú sonraí teicniúla ar chleachtas agus ar theicníc Lavinia Fontana agus ar dhíghrádú na n-ábhar a d'úsáid sí ina saothair, agus cinnteoidh sin go ndéanfar cinneadh iomlán eolach ar an modh cóireála atá le cur i bhfeidhm.

Beidh an chóireáil caomhnaithe seo mar an chéad chóireáil ar an saothar ealaíne a rinneadh ó ceannaíodh é in 1872. Beidh caomhnú ó bhonn an phictiúir agus a fhráma araon i gceist, mar aon le hanailís eolaíochta agus íomháu teicniúil. Tá sé i gceist na sonraí a gheofar de bharr an phróisis thuas a úsáid i bhfoilseachán a chuimseoidh faisnéis mhionsonraithe faoi ábhair agus teicnící Fontana; éascóidh anailísí breise ar shaothair Sofonisba Anguissola, Angelika Kauffmann agus Rosalba Carrera tiomsú sainchomhad sonraí ar ábhair agus ar theicnící ealaíontóirí mná i mbailiúchán an Ghailearaí, agus is féidir é sin a úsáid chun comparáidí a dhéanamh le tionscadail taighde reatha agus todhchaí. Forbrófar tionscadal ar líne chun dul chun cinn an phróisis a roinnt; áireofar leis sin leathanach gréasáin tiomnaithe, blog agus gné oideachasúil i dtaca leis an tionscadal.



NGI.76 Lavinia Fontana (1552–1614)
The Visit of the Queen of Sheba to King Solomon.

NGI.L.14702 Michelangelo Merisi da Caravaggio (1571–1610) The Taking of Christ

Ó fuair Gailearaí Náisiúnta na hÉireann ‘The Taking of Christ’ le Caravaggio ar iasacht go héiginnte ó Phobal na nÍosánach i 1992, táthar tar éis méid ollmhór taighde eolaíochta a dhéanamh ar shaothar an ealaíontóra, a bhfuil flúirse sonraí teicniúla ann dá bharr, ach den chéad uair, tá an Gailearaí tar éis iniúchadh a dhéanamh ar an saothar mórchlú seo i gcomhar le grúpa comhghleacaithe idirnáisiúnta ó Ghailearaí Náisiúnta Londain, Músaem Getty agus Institiúid Caomhantais Getty in Los Angeles, Istituto Centrale del Restauro sa Róimh agus Opificio Pietre Dure i bhFlórans.

Le blianta beaga anuas, tá tuairimíocht i measc caomhantóirí go bhfuil inléiteacht in easnamh i sleachta áirithe sa phictiúr mar thoradh ar vearnais a bhfuil fadhb léi agus atá tar éis meath, agus is cúis imní shuntasach é seasmhacht chanbháis an phictiúir.

Dearbhaíodh de bharr anailísí XRD and XRF nach raibh i mbunphailéad Caravaggio ach roinnt líocha, mar arbh amhlaidh i gcás saothair eile a cuireadh i gcrích an t-am sin: malaicít, luaidhbhuí stáin, luaidhbhán, ócair, asairít, plúiríneach, flanndearg, dubh cnámh.

Rinne na caomhnóirí pictiúr plé agus measúnú cuimsitheach ar riocht caomhnaithe baileach an phictiúir agus sholáthair siad cuntas mionsonraithe ar na torthaí réasúnta a d’fhéadfadh a bheith ag cóireálacha sa todhchaí.



Foireann
Caomhantais
Caravaggio.

A woman with long blonde hair, wearing a dark blue sweater and a colorful scarf, stands in profile, looking at a large cubist painting. The painting features abstract, angular shapes in shades of yellow, grey, and black, set within a dark frame. The background is a plain, light-colored wall.

Rann- pháirtíocht Phoiblí

Finding Power, Joe Caslin

I nDeireadh Fómhair 2017, tugadh cuireadh do Joe Caslin, ealaíontóir sráide, maisitheoir, teagascóir agus gníomhaí, páirt a ghlacadh i dtionscadal speisialta fadtéarmach, arna léiriú ag Sinéad Rice, Ceannasaí an Oideachais. Ceapadh an tionscadal ar dtús chun tacú leis an mórthaispeántas iardhearcach a léiríodh in 2017, **Frederic William Burton: For the Love of Art**, ach tháinig bláth air agus d'fhorbair sé taobh amuigh den thaispeántas.

Is as Ros Comáin ó dhúchas é Caslin agus is fearr aithne air mar gheall ar a líníochtaí áille i bhfoirm de mhúrphictiúir ollmhóra: múrphictiúir atá an-éasca le tuiscint agus a dhíríonn ar cheisteanna sóisialta Éireann an lae inniu. Rinne a shaothar uirbeach ealaíne le linn fheachtas 2015 ar son comhionannas pósta tagairt dhíreach do cheann de na saothair is iomráití i mbailiúchán an Ghailearaí, *The Meeting on the Turret Stairs* le Frederic William Burton, agus cheap roinnt daoine gur léiriú é ar an ngrá agus ar an ngean a raibh an athrú polaitiúil ag iarraidh meas a léiriú orthu agus a chosaint.

Thóg Caslin inspioráid ó ábhair phortráidí réamh-Rafaélíteacha Burton agus rinne sé iniúchadh ar an gcaidreamh casta idir cumhacht, gníomhaireacht agus ceannas, agus thug sé mioniniúchadh ar shaol agus ar shaothar Burton agus a chleachtas ildisciplíneach féin a thugann aird ar chúinsí sóisialta le chéile. D'oibrigh sé i gcomhar le baill foirne ó gach cuid den Ghailearaí, leis an ngrianghráfadóir Gavin Leane, agus le painéal de dhaoine poiblí agus príobháideacha, is iad sin Sinéad Burke – scoláire, scríbhneoir agus tacadóir, Alice Mary Higgins – Seanadóir neamhspleách, Stephen Moloney – scríbhneoir agus gníomhaí, Davina Devine – ealaíontóir drag, Alison Spittle – fuirseoir, Chidi Muojeke

– máthair agus iarrthóir tearmainn, agus Jad Kesrin – dídeanaí ón tSiria agus mac léinn, agus léiríonn freagairt chomhaimseartha fhísiúil Caslin 'an chaoi a mbraitear gur cúiseanna dlisteanacha fós iad inscne, eitneacht, gnéasacht, míchumas agus stádas socheacnamaíoch chun gníomhaireacht a thógáil nó a choimeád siar.'

Seoladh torthaí an tionscadail, seacht bportráid fhótagrafacha, líníocht an-chríochnúil graifíte agus dúigh, leabhar sceitseála agus ollshuiteán sealadach, i mí na Bealtaine 2018. Ní laghdaítear cumhacht shaothair an-tábhachtacha Caslin mar gheall ar a nádúr neamhbhuan. De dhearadh fíneálta, beireann siad greim daingean ar chraicinn na bhfoirgneamh a roghnaíonn sé agus fáisceann siad a dteachtairachtaí timpeall gach cloch agus gach scláta. Léiríonn Clós an Ghailearaí dubailteacht a shaothair ó thaobh ábhair agus feidhme de, ceanglaíonn sé an institiúid stairiúil leis an domhan comhaimseartha, agus tá sé ina ancaire agus ina threoir do chuariteoirí. Is ann atá saothar deiridh an tionscadail anois freisin, a thugann deis machnaimh, deis smaointe agus b'fhéidir deis cumasaithe fiú.

Tá tionchar forleathan ag Finding Power agus lean an tionscadal rannpháirtíochta poiblí a ghabhann leis in 2019. I dtreo dheireadh 2018, fuair an Gailearaí na saothair ar pháipéar agus na portráidí fótagrafacha agus bhronn an t-ealaíontóir an suiteán, leabhair nótaí agus cóip shínithe den phóstaer eagrán teoranta ar an mBailiúchán Náisiúnta. Is léiriú iad na saothair seo a fuarthas, in éineacht le tacaíocht thrasrannach an Ghailearaí, go bhfuil sé de chumhacht ag tionscadal atá ábhartha do shochaí an lae inniu dul thar chúram aon rannóg ar leith agus tionchar a bheith aige ar chroílár institiúide.

Go Déanach ar an Déardaoín

Chun teagmháil a dhéanamh le lucht spéise níos éagsúla, thug an Gailearaí isteach Go Déanach ar an Déardaoín i samhradh 2018. Uair sa mhí, thug na himeachtaí deiseanna do chuairteoirí iniúchadh a dhéanamh ar an nGailearaí i mbealaí nua.

Cuireadh na himeachtaí in oiriúint do théamaí ar leith agus bhí léirithe beo, Djanna, ceardlanna idirghníomhacha agus sainbhianna agus deochanna mar chuid de na cláir. Ag tógáil ar chomhoibriú rathúil le linn Vermeer and the Masters of Genre Painting in 2017, seoladh comhpháirtíocht le Tropical Popical, an salón clúiteach ingne, ag an gcéad imeacht sa tsraith Go Déanach ar an Déardaoín. Ag gach imeacht, chruthaigh na healaíontóirí dearaí faoi anáil an taispeántais nó faoi anáil an bhailiúcháin saor in aisce do chuairteoirí. Rinneadh an-chlúdach ar an gcomhpháirtíocht sna meáin agus luadh i ngnémhír ar BBC News gur ‘the Gallery is taking high-end art and nailing it for the millennials’.

Comhshaothar Tropical Popical le Rannóg Oideachais an Gailearaí.



Seoladh Go Déanach ar an Déardaoín ar an 21 Meitheamh 2018, ag déanamh ceiliúradh ar an ngrianstad. Rinne an bheirt gleacaíochta Lords of Strut siamsa do na sluaite agus chuir DJ ceol ar fáil. Reáchtáladh ceardlann sorcais, chomh maith le stáisiún grianghraf, beár sa Chlós, ealaín ingne agus turais teoraithe sa bhreis. Bhí imeacht an lúil bunaithe ar Roderic O’Conor & the Moderns agus bhí mímeadóir, DJ agus cluichí gairdín mar chuid den siamsa. Reáchtáladh an t-imeacht is mó tóir mar chuid de Go Déanach ar an Déardaoín in 2018 i mí Lúnasa, imeacht ag ar tháinig méadú 49% ar an Déardaoín roimhe ó thaobh líon na gcuairteoirí de. I measc na ngníomhaíochtaí, bhí ceardlann ceardaíochta buail isteach, seisiún scéalaíochta na Gaeilge agus léiriú beo ceol traidisiúnta.

Leanadh leis an bhfás ar an tsraith, agus ar na téamaí, bhí: ‘A Taste of Brazil’ chun an taispeántas Curious Creatures a cheiliúradh; ‘Fright at the Museum’ d’Oíche Shamhna, a dhírigh ar shaothair ar leith sa bhailiúchán; agus imeacht speisialta do Caravaggio 25. Bhí réimse leathan gníomhaíochtaí ar fáil do lucht spéise de gach aois, amhail puipéadóireacht bheo, taifead beo de phodchraoladh leis an *Irish Times*, tobléirithe ceoil agus ceardlanna éagsúla, idir ealaíona comhraic agus maisiú brioscaí.

Thug 80% de chuairteoirí ar Go Déanach ar an Déardaoín le fios gur thug siad cuairt ar an nGailearaí mar gheall ar an tsraith. Ba é an chéad uair a thug beagnach ceathrú den lucht spéise cuairt ar an nGailearaí. Rinneadh an-chlúdach ar na himeachtaí sna meáin le linn na bliana, gnémhír ar RTÉ News san áireamh.



Clair Cirque du Soleil ag Tabhairt Cuairt ar Thaispeántas Circus250 de chuid an Ghailearaí. Léirítear sa ghrianghraf Wailiang Wu le Jan Butler agus Alanna Baker ag taispeántas Circus250 i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann.

Solstice, Go Déanach ar an Déardaoin ag Gailearaí Náisiúnta na hÉireann.



Caravaggio 25

Ar an 16 Samhain 1993, nochtadh *The Taking of Christ* (1602) le Caravaggio don phobal don chéad uair. Ag an am sin, ba é an pictiúr príomh-mhír an taispeántais **Caravaggio: the Master Revealed** a cuireadh ar taispeánt i Seomra 23 sa Ghailearaí. Rinne Paul O’Kane cur síos ar eispéireas an chuairoteora, ag scríobh dó san *Irish Times* (19 Samhain 1993): ‘*The Taking of Christ* hangs directly in front of you, sucking up the available light like a black hole ... Humanity is fascinated by both beauty and intrigue and here is a painting which has both. And it doesn’t disappoint.’ Faoin 31 Eanáir 1994, bhí 120,000 cuairteoir i ndiaidh cuairt a thabhairt ar an bpictiúr agus thug Pobal na nÍosánach, Sráid Líosain, ar iasacht éiginnte í don Ghailearaí Náisiúnta, agus d’aithin siad flaithiúlacht an Dr Marie Lea-Wilson, a bhronn an pictiúr orthu.

I mí na Samhna 2018, reáchtáladh sraith imeachtaí in NGI chun ceiliúradh a dhéanamh ar na cúig bliana is fiche ó nochtadh *The Taking of Christ*. Orthu siúd, bhí taispeántas sealadach a suiteáladh in aice leis an bpictiúr (14 Samhain 2018–25 Feabhra 2019), a nocht stair iontach an phictiúir, agus coimisiúnaíodh dán nua le Stephen James Smith, file agus drámadóir iomráiteach ó Bhaile Átha Cliath. Agus é ina sheoid náisiúnta anois, tá pictiúr Caravaggio ar cheann de na nithe is mó is díol spéise nach mór do chuairoteoirí ar Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann a fheiceáil.

Inrochtaineacht

In Eanáir 2018, tháinig an Fhoireann Inrochtaineachta trasrannach a bunaíodh le déanaí le chéile don chéad uair; bhí naoi gcruinniú foirne aici le linn na bliana. Go luath in 2018, cuireadh Polasaí Inrochtaineachta i gcrích agus chuir an fhoireann Plean Gníomhaíochta um an Inrochtaineacht trí bliana (2018–2021) i bhfeidhm chun an inrochtaineacht a fheabhsú dár gcualiteoirí a bhfuil riachtanais intleachtúla, forbartha agus fisiciúla acu. Faoi chúram an Phlean Gníomhaíochta, tá comhlíonadh gach cuspóra dlí a leagtar amach i reachtaíocht ar mhíchumas, comhionannas, cearta daonna agus sláinte agus sábháilteachta. Rinne Foireann na Ceannaireachta Feidhmiúcháin spriocanna agus cuspóirí na foirne a chur i gcrích agus a cheadú. Faoi earrach, rinneadh iniúchóireacht ar na Seirbhísí Faisnéise Rochtana.

Bhí cruinnithe comhairleacha ag an bhFoireann Inrochtaineachta le roinnt grúpaí úsáideoirí páirtithe leasmhara seachtracha le linn na bliana toisc go bhfuil sé d'aidhm ag an nGailearaí bheith ar institiúid ceannródaíocht na hÉireann chun an ionchuimsitheacht agus an inrochtaineacht a chinntiú, trí ardchaighdeán barr feabhais a bhunú agus a chothabháil agus caighdeán dhea-chleachtais a chinntiú maidir le hinrochtaineacht sna healaíona. Le linn 2018, chuir an clár Rochtana Oideachais réimse nua leathan de chainteanna, turais agus ceardlanna ar fáil do chualiteoirí le riachtanais rochtana. Bhí dhá shruth leathan ag an gclár: tairiscintí rialta, amhail sainturais do chualiteoirí faoi mhíchumais éisteachta agus radhairc agus cláir shaincheaptha dóibh. Ar na cláir shaincheaptha, bhí turais agus ceardlanna a chuir an néaltrú san áireamh, seisiúin oiriúnacha do neamhoird aireachtála céadfaí agus baineadh creidiúnú turais AsIAM amach freisin. Is carthanas é AsIAM a bhíonn i mbun feachtasaíochta ar son tuilleadh

ionchuimsitheachta agus sainchlár dóibh siúd in Éirinn a bhfuil uathachas orthu. Tá sé d'aidhm ag an bhfoireann Inrochtaineachta tuilleadh oibre a dhéanamh le AsIAM chun go mbeidh an Gailearaí ar an gcéad shuíomh cultúir in Éirinn atá creidiúnaithe ina shuíomh cultúir atá oiriúnach don uathachas.

Dhírigh an fhoireann ar an timpeallacht thógtha freisin agus d'aithin sí réimse oibreacha atá de dhíth chun an inrochtaineacht a fheabhsú, agus rinne sí pleanáil ina leith. D'éirigh le hiarratas léi ar mhaoiniú ó pháirtí leasmhar seachtrach chun na hoibreacha tábhachtacha feabhais sin a chur i gcrích in 2019.

Faoi scáth na haidhme go mbeidh an Gailearaí a ionchuimsitheacht agus a rochtana agus is féidir, chuir an fhoireann na tograí inmheánacha seo a leanas i gcrích in 2018:

- ✧ Oiliúint inrochtaineachta do 170 ball foirne agus oibrí deonach, le cinntiú go gcuirfí seirbhís fháilteach agus ionchuimsitheach ar fáil do chualiteoirí;
- ✧ Nuachtlitir ráithiúil Rochtana do bhaill foirne agus d'oibrithe deonacha chun feasacht a ardú ar shaincheisteanna agus ar sheirbhísí inrochtaineachta, lena n-áirítear oiliúint inrochtaineachta d'fhoirne an Ghailearaí;
- ✧ Tugadh isteach leabhráin mórchló ar an mBailiúchán Buan.

Leanfaidh an Fhoireann Inrochtaineachta le feasacht, tionscadail agus cláir inrochtaineachta a neadú ag an nGailearaí, le caighdeán dea-chleachtais maidir le rochtain ar na healaíona a chinntiú agus le rannpháirtíocht mhéadaithe leis an nGailearaí, lena bhailiúchán agus lena sheirbhísí a chothú chun go mbeidh an Gailearaí ina áit chorroitheach le cuairt a thabhairt air do na cualiteoirí uile.



Forbairt, Tiomsú Airgid & Cairde

Mar gheall ar fhlaithiúlacht comhpháirtithe príobháideacha agus corparáideacha, lucht tacaíochta, Cairde agus Pátrún a raibh ról ríthábhachtach acu i saol an Ghailearaí, bhíothas ábalta tabhairt faoina lán den obair a rinne foireann den scoth an Ghailearaí de staraithe ealaíne, speisialtóirí oideachais agus caomhnóirí.

De dheasca a bhflaithiúlachta, is féidir leis an nGailearaí taispeántais agus cláir iontacha a thabhairt go hÉirinn, an buanbhailiúchán a fhorbairt agus an obair a dhéantar, san oideachas agus sa chaomhnú go háirithe, a mhéadú.

An Clár maidir le Comhpháirtíocht Chorparáideach

Tá comhpháirtíocht leis an nGailearaí ar cheann de na deiseanna is iomráití do chuideachtaí a gcuid tacaíochta do na healaíona in Éirinn a léiriú. In 2018, chuaigh an Gailearaí i mbun comhpháirtíochta le Bank of America Merrill Lynch, BSL, Focal Media, Maples Group, Ryanair, Sarasin & Partners, SMBC Aviation Capital, Sotheby's agus Zurich, nó lean sé le comhpháirtíochtaí leo.

ÁR MBUÍOCHAS LENÁR NDEONTÓIRÍ GO LÉIR A THACAIGH LE HOBAIR AN GHAILEARAÍ I MBLIANA:

- \\ Adrian Masterson
- \\ Anthony Mourek
- \\ Bank of America Merrill Lynch
- \\ Citadel Securities
- \\ BSL
- \\ Focal Media
- \\ John Sullivan
- \\ Maples Group
- \\ Michael & Dearbhail Bermingham
- \\ Ryanair
- \\ Sarasin & Partners
- \\ SMBC Aviation Capital
- \\ Sotheby's
- \\ Tony Ahearne
- \\ Vincent Hibbert
- \\ Zurich
- \\ Deontóirí eile nach mian leo a n-ainm a thabhairt

Cairde

Dhá bhuaicphointe do Chairde Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann in 2018 ná tacú le taispeántas de chuid an Ghailearaí Priontála - **Curious Creatures: Frans Post and Brazil** agus cabhrú le Her First Communion le John Lavery a fháil.

Ar an lá ar crochadh Her First Communion sna Seomraí Éireannacha i Sciathán Bhaile an Mhuileann, Dé hAoine an 9 Samhain, chuireamar fáilte roimh Kenneth McConkey, saineolaí ar Lavery, go dtí an Gailearaí. Bhí daoine ar bhaill iad agus daoine nár bhaill iad i láthair ag caint saor in aisce a bhí curtha in áirithe ina hiomláine. D'eascair an tsuim láidir as dlúthchomhar le ranna de chuid an Ghailearaí, lena n-áirítear Rannóga na Coimeádaíochta, an Oideachais agus na Cumarsáide, na Margaíochta & na Rannpháirtíochta Digití. Bhí an deis acu siúd a bhí i láthair bheith ar na chéad daoine chun foghlaim faoin saothar a fuarthas.

Bhí ríméad ar na baill gur chuir a gcuid tacaíochta go mór leis an mbailiúchán náisiúnta. Tá cóip den phictiúr ar fáil mar chárta beannachta freisin, atá le ceannach i siopa an Ghailearaí.

Ag tacú le taispeántas de chuid an Ghailearaí Priontála, ghlac na baill go han-mhaith le Curious Creatures: Frans Post and Brazil. Toisc go raibh comhpháirtíocht le Músaem Stair an Dúlra mar chuid den taispeántas, bhí an-suim ag na baill agus a dteaghlaigh ann. Thug an Coimeádaí Niamh MacNally caint do na baill sular osclaíodh an taispeántas don phobal. Ní raibh cur amach ag roinnt ball ar an ealaíontóir ar dtús ach d'fhág siad le heolas a roinn siad lena gcairde agus lena dteaghlaigh. Le linn a thréimhse, fuarthas an-chuid aiseolas an-dearfach ar an taispeántas.

Seirbhísí Corparáideacha

Bainistíonn Seirbhísí Corparáideacha maoiniú, acmhainní, áiseanna, ioncam tráchtála agus córais chun go mbainfí spriocanna straitéiseacha an Ghailearaí amach.

Cinntíonn an rannóg freisin go gcomhlíontar oibleagáidí rialachais, an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) go háirithe, forbraíonn sí polasaithe agus nósanna imeachta corparáideacha agus airgeadais agus cinntíonn sí go n-úsáidtear acmhainní ar bhealach éifeachtach agus go mbaintear torthaí luach ar airgead amach. Athnuadh Creidiúnú Rialachais SWiFT 3000 i mbliana, agus bronnadh an Clár um Chaighdeán Músaem in Éirinn (MSPI) freisin. Tá Creat Rialachais Chorporáidigh i bhfeidhm, ar creat é a bhfuil sraith de dhoiciméid rialachais mar chuid de, ina leagtar amach na polasaithe, na nósanna imeachta agus na cúraimí a stiúrann an chaoi a ndéanann an Gailearaí a ghnó.

Tá sé beartaithe ag an Rialtas €460m a infheistiú i bhForais Chultúir Náisiúnta faoin bplean *'Infheistíocht a Dhéanamh inár gCultúr, inár dTeanga agus inár nOidhreacht 2018-2027'*, mar chuid de Thionscadal Éireann 2040. Bhí lúcháir ar an nGailearaí infheistíocht tháscach de €54m a fháil chun an Máistirphlean Forbartha (MPF) a thabhairt chun críche in Aibreán 2018.

TF

Bhí ról gníomhach ag an rannóg TF le linn na bliana le cinntiú go gcomhlíonann an Gailearaí gach gné de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) ar fud gach réimse.

Thosaigh an rannóg TF, i ndlúthchomhair le hOifig an Stiúrthóra, ar ardán nua a aithint chun cáipéisíocht an bhoird a bhainistiú agus a dháileadh ar na páirtithe leasmhara uile, agus bhí de toradh ar an obair sin gur tugadh Pacaí Boird do gach comhalta den bhord agus do na coisí uile ag deireadh 2018.

Sa ráithe dheireanach den bhliain, tosaíodh ar uasghrádú suntasach ar The Museum System (TMS), córas bainistíochta phríomhbhailiúchán an Ghailearaí. Ag obair le comhghleacaithe i rannóg na Seirbhísí Bailiúchán agus Taispeántas, éascóidh an leagan nua sin sreafaí oibre agus tuairisciú níos fearr.

Oibríochtaí

Chuir an Rannóg oibríochtaí, i gcomhar le hAcmhainní Daonna, tús le hidirbheartaíocht Transition 2020 le CSTGT. Is comhaontú cuimsitheach é Transition 2020 idir an Lucht Bainistíochta agus CSTGT atá beartaithe le feabhas a chur ar na gcaidreamh oibre idir an dá comhpháirtí.

Rinne an rannóg áiseanna laistigh d'Oibríochtaí maoirseacht ar shuiteáil na deisce nua um thicéid taispeántas agus scáileáin taispeána ar leibhéal a haon i Sciathán na Mílaoise.

Dearadh é sin chun teanga dearaidh na deasca fáiltithe agus seomra cotaí in áiteanna eile sa ghailearaí a léiriú.

I measc oibreacha eile, rinne caibinéid shaincheaptha taispeántais sa Ghailearaí Priontála a uasghrádú agus a shuiteáil ina n-iomláine, rinneadh an Stiúideo Oideachais a athchóiriú, cuireadh spás oibre ar fáil d'ealaíontóirí agus suiteáladh stáisiún nua caife sa bhialann.

Rinneadh suirbhéireacht ar Thithe 88–90 agus forbraíodh plean mionsonraithe um athchóiriú chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní Sláinte & Sábháilteachta agus chun feabhas a chur ar chaighdeán na n-oifigí.

Soláthar

Toisc gur comhlacht poiblí é NGI, ní mór dó cloígh le rialacha agus le treoirlínte Soláthair Phoiblí chun luach ar airgid a thabhairt maidir le hairgead poiblí a chaitear. Nuair a chloítear leis an dea-chleachtas soláthair, mar a leag an Oifig um Sholáthar Rialtais amach é, beidh cáilmheas ann ansin mar gheall go mbainfí leas as scála ceannaigh na hearnála poiblí agus iomaíocht ó phróisis tairisceana oscailte agus chothroma. B'ionann caiteachas lánroghnach in 2018 agus €4.56m, a caitheadh ar chostais áitreabh, táillí proifisiúnta, slándáil, costais taispeántais, TF, clódóireacht, soláthairtí oifige, margaíocht & cumarsáid, agus costais earcaíochta agus oiliúna.

Cuireann an fheidhm Soláthair Chorparáidigh tacaíocht agus treoir intí ar fáil do gach soláthar agus tairiscint de chuid an Ghailearaí, agus cinntíonn sí go gcloítear le rialacha náisiúnta agus rialacha de chuid an AE maidir le Soláthar Poiblí agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ar na comórtais tairisceana a tugadh chun críche in 2018, tá:

- ✍ Seirbhísí Slándála
- ✍ Margaíocht
- ✍ Seirbhísí Glantacháin ar Conradh
- ✍ Soláthar Clostreoracha
- ✍ Seirbhísí Iniúchóireachta Inmheánaí
- ✍ Bainisteoir Tionscadail CRM

Cúrsaí Tráchtála

Siopa

Bliain lán d'athrú a bhí in 2018 do shiopa Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann. Earcaíodh bainisteoir nua a thug dearcadh úr agus smaointe nua léi maidir leis an réimse táirgí agus an fhoireann a fhorbairt. Thug na baill foirne uile faoi oiliúint ar straitéis agus tairiscintí luacha do chuairoteoirí, chun tuiscint a fháil ar phróifíl na gcustaiméirí agus eispéireas siopadóirí ar fud an tsíopa:

- ✍ Forbraíodh pleananna nua um marsantú físiúil chun cosán níos soiléire i dtreo an cheannaigh a leagan amach.
- ✍ Rinneadh tuilleadh feabhsaithe ar fheistiú an tsíopa.
- ✍ Crochadh saothair i bhfrámaí taobh thiar den chuntar chun leas a bhaint as deis chumhachtach an buanbhailiúcháin a chur ar taispeánt.
- ✍ Rinne obair phéinte taobh thiar den scipéad agus i rannóg na bpáistí, i gcomhréir le pailéad branda an Ghailearaí.

Ba é Eanáir an mhí is bisiúla le linn na bliana mar gheall ar na taispeántais Burton agus Turner. Tháinig laghdú ar dhíolacháin i R1 agus i R2, a léiríonn an laghdú ar líon na gcuairoteoirí i gcomparáid le 2017, ach tháinig méadú orthu arís ó lár an tsamhraidh go deireadh na bliana. Bhí laghdú ar na díolacháin i gcomparáid le bliain bhreá 2017, ach bhí siad an-láidir i gcomparáid le 2016.

Imeachtaí

Earcaíodh Bainisteoir Rannpháirtíochta Corparáidí agus Imeachtaí chun clár imeachtaí an Ghailearaí a bhainistiú agus a fhorbairt, chun an ghiniúint ioncaim a uasmhéadú agus chun oibriú leis an bhFoireann forbartha chun na himeachtaí uile do Chomhpháirtithe Corparáideacha an Ghailearaí a bhainistiú. Thug an bainisteoir nua faoi athbhreithniú cuimsitheach ar an bpróiseas imeachta mar a bhí agus cruthaíodh straitéis nua don rannóg. Ullmhaíodh plean go gcuirfí an Ghailearaí Náisiúnta chun cinn mar ionad uathúil a chuireann eispéireas dodhearmadta ar fáil d'imeachtaí príobháideacha agus d'imeachtaí corparáideacha.

Caifé


Cé gur tháinig laghdú suntasach ar líon na gcuairoteoirí i gcomparáid le bliain an-rathúil 2017, níor tháinig mórán d'athrú ar na díolacháin sa chaifé ó bhliain go bliain. Rinneadh athbhreithniú ar an troscán in 2018 agus suiteáladh boird agus cathaoireacha nua bána a chuir leis an atmaisféar geal agus oscailte sa Wintergarden – rinneadh an dath a ailíniú leis an bpailéad branda agus cuireadh comharthaí nua in airde chun aird a tharraingt ar roghanna biachláir, ar phraghsanna agus ar fhoinsí an bhia.

Acmhainní Daonna

Eagraíocht

Iomlánaíodh an fhoireann ardbhainistíochta (FCF – Foireann na Ceannaireachta Feidhmiúcháin) in 2018 agus tá ceathrar comhaltaí uirthi – an Stiúrthóir, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha, Ceannasaí na mBailiúchán & an Taighde agus Ceannasaí na Rannpháirtíochta Poiblí.

Struchtúr na hEagraíochta



Polasaí AD

In 2018, cuireadh béim ar leith ar fhorbairt polasaithe a bhaineann le cothromaíocht oibre is saoil agus le comhionannas. Faomhadh an polasaí Ama & Tinrimh ('A&T') agus na nósanna imeachta a ghabhann leis. Faomhadh an polasaí Comhionannais Inscne freisin in Aibreán 2018, agus baineann sé le gach ball foirne.

Oiliúint & Forbairt

Tá an-bhéim curtha ag an nGailearaí ar oiliúint agus ar fhorbairt foirne le blianta beaga anuas. Léirítear sin leis an méadú ar an mbuiséad maoinithe oiliúna agus forbartha, méadú ó €12,000 in 2010 go €55,000 in 2018. Tá creat seanbhunaithe trí shraith oiliúna agus forbartha i bhfeidhm. Freastalaíonn sé ar riachtanais oiliúna na mball foirne ar leith agus ar riachtanais oiliúna chomhchoiteann na rannóg ar fad.

Rann-pháirtíocht Fostaithe

In 2018, ba mhian leis an nGailearaí bonnlíne a bhunú agus spriocanna don am amach anseo a shocrú maidir le rannpháirtíocht, meanma agus acmhainneacht fostaithe, trí shuirbhé rannpháirtíochta fostaithe a dhearadh agus a reáchtáil. Ba é sin an chéad suirbhé dá leithéid sa Ghailearaí. Cur chuige fiúntach agus rathúil a bhí ann maidir lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ar rannpháirtíocht fostaithe agus go ndéantar í a bhainistiú go rialta.

Caidreamh le Fostaithe & Caidreamh Tionsclaíoch

Is mór ag an nGailearaí an ról suntasach a bhíonn ag ceardchumann maidir le timpeallacht oibre atá seasta agus dearfach a chinntiú.

In 2018, d'oibrigh an Gailearaí agus CSTGT i gcomhar lena chéile ar Chomhaontú Transition 2020. Is comhaontú nua cuimsitheach um chaidreamh tionsclaíoch (CT) é Transition 2020 idir an Gailearaí agus CSTGT, comhaontú ina dtugtar na prótacail CT is fearr, ina mbunaítear fóram nua comhairliúcháin céadchéime, agus ina gcódaítear cearta ionadaithe ball foirne agus sainchearta lucht na mbainistíochta.

Go hachomair, déanann an Gailearaí a dhícheall bheith ina rogha fostóra ionchuimsithigh sna healaíona agus i bpobal an chultúir agus déanann sé iarracht freastal ar an éagsúlacht san fhostaíocht más indéanta. Cuireann cultúr na heagraíochta timpeallacht chun cinn ina dtugtar meas ar chách agus ar dhifríochtaí.

Cúrsaí Airgeadais

Inbhuan- aitheacht an Mhaoinithe

Is é rialtas na hÉireann príomh-mhaoinitheoir an Ghailearaí. Líontar an bhearna idir an maoiniú sin agus an costas a bhaineann le clár uailmhianach an Ghailearaí trí aird ghéar a thabhairt ar ár gcostas, agus trí ioncam breise a fháil ónár gCairde, tríd an gClár maidir le Comhpháirtíocht Chorporáideach agus trí ioncam tráchtála a ghiniúint, ach ní líontar an bhearna ina hiomláine.

An Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí

Ar Bhord an Ghailearaí, tá deichniúr comhaltaí arna gceapadh ag an aire agus seachtar comhaltaí ex officio nó comhaltaí ainmnithe – duine ó Oifig na nOibreacha Poiblí, duine ó Acadamh Ríoga na hÉireann, beirt ó Chumann Ríoga Bhaile Átha Cliath agus triúr ón Acadamh Ibeirneach Ríoga. Orthu, tá Cathaoirleach Oifig na nOibreacha Poiblí agus triúr atá ina nUachtaráin faoi láthair ar na heagraíochtaí eile.

Clúdaíonn an deichniúr arna gceapadh ag an aire scileanna eile a bhíonn de dhíth ag an nGailearaí agus scileanna a leagtar amach mar chritéir le haghaidh éifeachtacht an Bhoird. Ar na scileanna sin, tá taithí ar an mbainistíocht airgeadais ar leibhéal boird, taithí ar an dlí, ar rialachas corporáideach agus ar an daonchairdeas, agus sainspéis san amharc-ealaín.



Ráitis Airgeadais

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

Ráitis Airgeadais Clár na nÁbhar

Ráiteas Rialachais	83
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	94
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste: Tuarascáil lena Cur i Láthair Thithe an Oireachtais	98
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais	100
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	102
Ráiteas ar an Staid Airgeadais	103
Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí agus sa Chuntas Caipitil	104
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	105
Nótaí leis na Ráitais Airgeadais	106

Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird

Rialachas

Comhlacht corparáideach reachtúil is ea Gailearaí Náisiúnta na hÉireann (an Gailearaí) arna bhunú leis an Acht um Dhánlann Náisiúnta na hÉireann, 1854 (Acht 1854). Oibríonn an Gailearaí de réir fhorálacha Achtanna um Dhánlann Náisiúnta na hÉireann 1854 go 1963 agus an Achta um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 (le chéile, na hAchtanna) agus faoi choimirce na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta.

Bainistíonn Bord Gobharnóirí agus Caomhnóirí neamhfheidhmiúcháin (an Bord) gnó agus gnóthaí an Ghailearaí ar a shon. Tá príomhfheidhmeanna an Bhoird leagtha amach sna hAchtanna agus ina gcuid Fodhlíthe. Tá an Bord freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an tasc sin i bhfeidhm trí chuspóirí straitéiseacha agus spriocanna a shocrú agus cinntí straitéiseacha a dhéanamh ar na príomhcheisteanna gnó go léir. Is é an Stiúrthóir, le cabhair ón bhfoireann ardbhainistíochta, atá freagrach as

an nGailearaí a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Ní mór don Stiúrthóir agus don fhoireann ardbhainistíochta an treoir ghinearálta straitéiseach atá leagtha amach ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go dtuigeann comhaltaí uile an Bhoird na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an eintiteas agus aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Feidhmíonn an Stiúrthóir mar idirghabhálaí díreach idir an Bord agus an lucht bainistíochta.

In 2017, ba é an Gailearaí an chéad eagraíocht ar bronnadh deimhniú air faoi chaighdeán SWIFT 3000 an Údaráis um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (NSAI) faoin gCód Cleachtais nua chun Comhlachtaí Stáit a Rialú mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016 (an Cód). Caighdeán is ea SWIFT 3000 a bhaineann le Cód Cleachtais do mheasúnú ar Rialachas Corparáideach in Éirinn. Is é an cuspóir a bhaineann

leis measúnú a dhéanamh ar chreataí rialachais chorparáidigh eagraíochtaí, ar leibhéal comhlíonta eagraíochtaí maidir le cóid rialachais agus dea-chleachtais go sonrach. Fianaise atá sa ghradam ar thiomantas an Ghailearaí do chaighdeán dea-chleachtais rialachais chorparáidigh a oibriú. Choimeád an Gailearaí an creidiúnú sin in 2018, agus bhain sé amach scór de 3.92/4 ar an iomlán.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá príomhobair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach sna Fodhlíthe. Tá sceideal foirmiúil d'ábhair a fhorchoimeádtar go sonrach le haghaidh chinneadh an Bhoird glactha ag an mBord freisin. Áirítear ar na príomhábhair a fhorchoimeádtar don Bhord:

- ✍ faomhadh saothar faighte, tabhartas, iasachtaí agus taispeántas saothar ealaíne
- ✍ measúnú agus faomhadh na Tuarascála Bliantúla agus Ráiteas Airgeadais
- ✍ comhlíonadh dualgas reachtúil agus neamhreachtúil, lena n-áirítear faoi na Fodhlíthe, faoin gCód agus faoi chiorcláin Rialtais
- ✍ faomhadh pleananna straitéiseacha, an phlean oibriúcháin bhliantúil agus an bhuiséid bhliantúil
- ✍ faomhadh cheapachán, luach saothair, mheasúnú feidhmíochta agus phleanáil chomharbais an Stiúrthóra
- ✍ ceapachán Chathaoirleach an Bhoird agus faomhadh Théarmaí Tagartha na gCoistí Boird go léir
- ✍ leasú nó nuashonrú na bhFodhlíthe
- ✍ faomhadh téarmaí conarthaí móra, infheistíochtaí agus tionscadal caipitil, saothar faighte suntasach, diúscairtí, ceadúnas easpórtála (de bhun údarás tarmligthe ón Aire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997) agus sócmhainní a scor
- ✍ cothú córas fóna de rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus próisis bhainistíochta riosca
- ✍ faomhadh polasaí bainistíochta riosca, monatóireacht ar phróisis agus ar chórais bhainistíochta riosca an Ghailearaí chun aithint, monatóireacht agus rialú éifeachtach rioscaí seachtracha agus aithint deiseanna a chinntiú, chun tacú le cuspóirí reachtúla an Ghailearaí (tarmligthe chuig an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca &

Airgeadais, a thuairiscíonn chuig an mBord go rialta)

- ✍ faomhadh na straitéise tiomsaithe airgid agus polasaí cistiúcháin
- ✍ údarú chun cuntais bhainc a oscailt agus áiseanna iasachta a fhaomhadh
- ✍ athbhreithniú foirmiúil ar a fheidhmíocht féin, ar fheidhmíocht a choistí agus ar fheidhmíocht comhaltaí aonair Bhoird.

ÁIRÍTEAR LE HEARRAÍ SEASTA A BHREITHNÍONN AN BORD:

- ✍ dearbhú leasanna
- ✍ tuarascálacha ó choistí an Bhoird agus ón Stiúrthóir
- ✍ airgeadas & riosca, lena n-áirítear tuarascálacha airgeadais agus cuntais bhainistíochta
- ✍ tuarascálacha feidhmíochta
- ✍ rialachas corparáideach
- ✍ iasachtaí & fáil saothar ealaíne
- ✍ ábhair fhorchoimeádta. .

Ceanglaítear ar an mBord Gobharnóirí agus Caomhnóirí le hAlt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997 cuntais a ullmhú do gach bliain airgeadais i gcibé foirm a d'fhaomhfaidh an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

AGUS NA RÁITIS AIRGEADAIS SEO Á N-ULLMHÚ, CEANGLAÍTEAR AR AN MBORD:

- ✍ polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- ✍ breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama
- ✍ na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas sa chás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh sé i mbun gnó

- ✍ a lua cibé an bhfuil caighdeán chuntasaíochta is infheidhme curtha i bhfeidhm nó nach bhfuil, faoi réir aon imeacht ábhartha arna nochtadh agus arna míniú sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnach ag aon am, a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 35 den Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise airgeadais agus corparáidí ar shuíomh gréasáin an Ghailearaí.

Tá an Bord freagrach as an mbuiséad bliantúil a fhaomhadh. Rinneadh feidhmíocht an Ghailearaí, faoi threoir a phlean agus a bhuiséid bhliantúil, a phlé go rialta ag cruinnithe an Bhoird le linn 2018.

Tá an Bord freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus mar sin de, tá sé freagrach as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a aimsiú agus a chosc.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Ghailearaí léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Ghailearaí amhail ar an 31 Nollaig 2018.

Struchtúr an Bhoird

Suíonn suas le seacht gcomhalta dhéag ar an mBord: ceapann an tAire Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta deichniúr díobh, sealbhóirí ex-officio de na hoifigí liostaithe thíos is ea cúigear díobh agus de bhun na cumhachta a bhronntar air le hAcht 1854, ainmníonn agus ceapann an tAcadamh Ibeirneach Ríoga beirt. Cuireann comhaltaí arna gceapadh ag an Aire téarma cúig bliana isteach. Cuireann comhaltaí ex-officio téarmaí éagsúla isteach ag brath ar bhunreacht a n-eagraíochta.

Comhaltaí Ex-Officio:

- ↘ An tAcadamh Ibeirneach Ríoga (RHA) | Uachtarán
- ↘ Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath (RDS) | Uachtarán agus Leas-Uachtarán
- ↘ Acadamh Ríoga na hÉireann (RIA) | Uachtarán
- ↘ Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) | Cathaoirleach

Ceapann an Bord a Chathaoirleach agus a Leaschathaoirleach féin de bhun na cumhachta arna bronnadh air faoi na hAchtanna.

Comhaltaí Reatha

SA TÁBLA THÍOS TÁ MIONSONRAÍ AR THRÉIMHSE CHEAPACHÁIN NA GCOMHALTAÍ REATHA:

AINMNITHE AN AIRE (TÉARMA CÚIG BLIANA)

AINM	CEAPTHA	DEIREADH TRÉIMHSE OIFIGE
Lynda Carroll	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Michael Cush (<i>Cathaoirleach</i>)	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Jacqueline Hall	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Gary Jermyn	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Ann Prendergast	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Lesley Tully	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Barney Whelan	15 Samhain 2016	15 Samhain 2021
Suzanne Macdougald	26 Meitheamh 2014	26 Meitheamh 2019
Mary Keane (<i>Leaschathaoirleach</i>)	2 Iúil 2014	2 Iúil 2019
Margaret Glynn	2 Iúil 2014	2 Iúil 2019

AINMNITHE AN ACADAIMH IBEIRNIGH RÍOGA (RHA) (TÉARMA TRÍ BLIANA)

AINM	CEAPTHA	DEIREADH TRÉIMHSE OIFIGE
James English RHA	5 Bealtaine 2017	5 Bealtaine 2020
Vivienne Roche RHA	21 Deireadh Fómhair 2015	21 Deireadh Fómhair 2018

COMHALTAÍ EX-OFFICIO

AINM	CEAPTHA	DEIREADH TRÉIMHSE OIFIGE
Maurice Buckley (<i>Cathaoirleach OPW</i>)	14 Nollaig 2016	Leanúnach
Abigail O'Brien (<i>Uachtarán RHA</i>)	9 Deireadh Fómhair 2018	Leanúnach
Michael Peter Kennedy (<i>Uachtarán RIA</i>)	16 Márta 2017	16 Márta 2020
Bernie Brennan (<i>Uachtarán RDS</i>)	5 Nollaig 2013	5 Nollaig 2019
Owen Lewis (<i>Leas-Uachtarán RDS</i>)	1 Nollaig 2016	1 Nollaig 2019

Rinneadh athbhreithniú seachtrach feidhmíochta ar an mBord agus ar a choistí i Meán Fómhair 2018 mar chuid de phróiseas athnuachana creidiúnaithe SWiFT 3000.

Mar chuid dá chomhlíonadh faoin gCód, thug an Bord faoina Athbhreithniú inmheánach féin ar Éifeachtacht agus ar Mheasúnú Boird i Meán Fómhair 2018.

Athruithe Boird

I nDeireadh Fómhair 2018, tháinig deireadh le téarma Mick O'Dea mar Uachtarán ar an RHA agus ceapadh Abigail O'Brien ina áit.

Coistí Boird

LE LINN 2018, D'OIBRIGH AN BORD NA CÚIG CHOISTE SEO A LEANAS:

An Coiste um Shaothair Fhaighte agus Taispeántais

Is é ról an Choiste comhairle a thabhairt agus comhaontú ar fháil, tabhairt, bronnadh agus ceannach féideartha saothar ealaíne agus ar an gclár taispeántas. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn bliantúil freisin. Bíonn ceathrar comhaltaí ar an gCoiste agus is é Cathaoirleach an Bhoird duine amháin díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Ceannasaí na mBailiúchán agus an Taighde ar na cruinnithe go léir. Bhí cúig chruinniú Coiste ann in 2018.

Comhaltaí Coiste 2018: Michael Cush, James English (*Cathaoirleach Gníomhach an Choiste*), Margaret Glynn, Suzanne Macdougald agus Mick O'Dea (*Cathaoirleach an Choiste go dtí an 9 Deireadh Fómhair 2018*).

An Coiste Iniúcháireachta, Riosca & Airgeadais

Is é ról an Choiste tacú leis an mBord le cinntiú go gcomhlíonfaí a chuid feidhmeanna ábhartha reachtúla agus comhairle a thabhairt don Bhord ar stóinseacht agus ar éifeachtacht an rialachais chorparáidigh, na bainistíochta airgeadais, na bainistíochta riosca agus na hiniúcháireachta inmheánaí. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinnithe, agus ar

bhonn bliantúil freisin. Bíonn ceathrar comhaltaí Boird ar an gCoiste (bíonn Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine amháin díobh) agus beirt chomhaltaí sheachtracha. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha ar na cruinnithe go léir. D'fhreastail Iniúcháirí Inmheánacha an Ghailearaí ar chruinnithe ábhartha le linn na bliana. Bhí cúig chruinniú Coiste ann in 2018.

Comhaltaí Coiste 2018: Michael Cush, Bernie Brennan, Maurice Buckley, Lynda Carroll (*Cathaoirleach an Choiste*), Jean Philippe Grigy (*comhalta seachtrach*) agus Kieran Wallace (*comhalta seachtrach*).

An Coiste Forbartha

Is é ról an Choiste forbairt amach anseo ar ghnéithe uile an Ghailearaí a chur chun cinn agus a éascú. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn bliantúil freisin. Bíonn seacht comhaltaí ar an gCoiste agus bíonn Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine amháin díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Ceannasaí na Forbartha ar na cruinnithe go léir. Bhí seacht gcruinniú Coiste ann in 2018.

Comhaltaí Coiste 2018: Lynda Carroll, Michael Cush, Jackie Gallagher (*comhalta seachtrach*), Gary Jermyn (*Cathaoirleach an Choiste*), Suzanne Macdougald, Michael Maughan (*comhalta seachtrach*), Vivienne Roche agus Lesley Tully.

An Coiste Oideachais & Rannpháirtíochta Poiblí

Is é ról an Choiste maoirseacht a dhéanamh ar na cúrsaí go léir a bhaineann le hoideachas, cláreagrú poiblí agus rannpháirtíocht poiblí. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn bliantúil freisin. Bíonn cúigear comhaltaí ar an gCoiste agus bíonn Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine amháin díobh. Freastalaíonn an Stiúrthóir agus Ceannasaí na Rannpháirtíochta Poiblí ar na cruinnithe go léir. Bhí cúig chruinniú Coiste ann in 2018.

Comhaltaí Coiste 2018: Michael Cush, Margaret Glynn (*Cathaoirleach an Choiste go dtí Márta 2018*), Jacqueline Hall (*Cathaoirleach an Choiste*), James Hanley (*comhalta seachtrach*) agus Barney Whelan.

An Coiste Rialachais & Straitéise

Is é ról an Choiste tacú leis an mBord maidir le hábhair a bhaineann le rialachas agus le heagrúchán, monatóireacht a dhéanamh ar phlean straitéiseach an Ghailearaí agus ar chúrsaí seachtracha reachtacha agus straitéiseacha agus comhairle a thabhairt orthu. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord i scríbhinn tar éis gach cruinnithe, agus ar bhonn bliantúil freisin. Bíonn ceathrar comhaltaí Boird ar an gCoiste seo agus bíonn Cathaoirleach an Bhoird ar dhuine amháin díobh. Bhí sé chruinniú Coiste ann in 2018.

Comhaltaí Coiste 2018: Michael Cush, Mary Keane (*Cathaoirleach an Choiste*), Barney Whelan agus Ann Prendergast.

Cruinnithe agus Costais an Bhoird

Tagann an Bord le chéile sé huaire ar a laghad sa bhliain agus in 2018, bhí seacht gcruinniú aige. In 2018, bhí roinnt cruinnithe ag an mBord gan feidhmeannach i láthair.

COMHALTA BOIRD	CRUINNITHE AR FREASTALAÍODH ORTHU/CRUINNITHE CÁILITHE LE FREASTAL ORTHU	COSTAIS ÍOCTHA
Michael Cush (<i>Cathaoirleach</i>)	6/7	-
Bernie Brennan	6/7	-
Maurice Buckley	6/7	-
Lynda Carroll	7/7	-
James English	7/7	-
Margaret Glynn	6/7	-
Jacqueline Hall	7/7	-
Gary Jermyn	7/7	-
Mary Keane	7/7	-
Peter Kennedy	3/7	-
Owen Lewis	7/7	-
Suzanne Macdougald	7/7	€1,979
Abigail O'Brien	1/2	-
Mick O'Dea	5/6	-
Ann Prendergast	5/7	-
Vivienne Roche	6/7	€1,718
Lesley Tully	5/7	-
Barney Whelan	6/7	€3,886
IOMLÁN		€7,583

Níl táillí Boird ar bith infoctha do chomhaltaí Boird.

Tuarastal an Stiúrthóra

FÉACH AR NÓTA 8 (D) LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS.

Sceideal Tinrimh ag Cruinnithe Coiste in 2018

	SAOTHAIR FHAIGHTE AGUS TAISPEÁNTAIS	INIÚCHÓI- REACT, RIOSCA & AIRGEADAS	FORBAIRT	OIDEACHAS & RANN- PHÁIRTÍOCHT PHOIBLÍ	RIALACHAS & STRAITÉIS
LÍON CRUINNITHE	5	5	7	6	6
COMHALTA COISTE					
Michael Cush (Cathaoirleach)	3/5	3/5	4/7	4/6	4/6
Bernie Brennan		5/5			
Maurice Buckley		2/3			
Lynda Carroll		5/5	6/7		
James English	5/5				
Jackie Gallagher (seachtrach)			0/7		
Margaret Glynn	4/5			6/6	
Jean-Philippe Grigy (seachtrach)		4/4			
Jacqueline Hall				6/6	
James Hanley				5/6	
Gary Jermyn			7/7		
Mary Keane					6/6
Peter Kennedy					
Owen Lewis					
Suzanne Macdougald	4/5		7/7		
Michael Maughan (seachtrach)			3/7		
Abigail O'Brien					
Mick O'Dea	4/4				
Ann Prendergast					6/6
Vivienne Roche			6/7		
Lesley Tully			3/7		
Kieran Wallace ((seachtrach)		1/5			
Barney Whelan				4/6	4/6

Nochtuithe arna nÉiliú ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú
gur chomhlíon Gailearaí Náisiúnta na
hÉireann riachtanais an Chóid.

Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a
leanas:

Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Féach ar Nóta 8 (e) leis na Ráitis
Airgeadais.

Costais Sainchomhairleoireachta

**ÁIRÍTEAR AR CHOSTAIS SAINCHOMHAIRLEOIREACHTA COSTAS NA
COMHAIRLE SEACHTRAÍ DON LUCHT BAINISTÍOCHTA AGUS NÍL FEIDHMEANNA
SEACHFHOINSITHE "GNÓ MAR IS GNÁCH" SAN ÁIREAMH.**

	2018	2017
	€	€
Táillí Dí	30,655	43,007
Eacnamaíoch/MPF	2,768	71,872
Airgeadais, lena n-áirítear Bainistíocht Punann	5,874	94,763
Margaíocht	-	61,577
Acmhainní Daonna	17,480	15,782
Oibriúcháin	40,229	18,555
IOMLÁN	97,006	305,556

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

	2018	2017
	€	€
INTÍRE		
Bord	7,583	5,266
Fostaithe	14,270	2,141
Neamhfhoirne ¹	1,762	1,762
IDIRNÁISIÚNTA		
Bord	-	829
Fostaithe	57,752	52,861
Neamhfhoirne ¹	762	5,473
CAIRDE GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN	778	479
IOMLÁN	82,907	68,811

¹ Baineann caiteachas Taistil & Cothaithe neamhfhoirne le haoichainteoirí, taisteal intéirneach agus costais sainchomhairleoirí.

	2018	2017
	€	€
Taisteal agus Cothú i gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	74,359	61,604
Taisteal agus Cothú Boird san áireamh i Nóta 9 (Costais Eile)	7,583	6,095
Taisteal agus Cothú Siopa Leabhar san áireamh i Nóta 7 (Costais Oibriúcháin)	187	633
Taisteal agus Cothú Cairde san áireamh i Nóta 6 (Costais Oibriúcháin)	778	479
IOMLÁN	82,907	68,811

Caiteachas Fáilteachais

SAN ÁIREAMH SA RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS, TÁ AN CAITEACHAS FÁILTEACHAIS SEO A LEANAS:

	2018	2017
	€	€
Fáilteachas Lucht Foirne	4,301	2,029
Fáilteachas Cliant	15,345	11,495
IOMLÁN	19,646	13,524


Ráiteas um Chomhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon an Gailearaí an Cód ina iomláine le linn 2018.

THAR CEANN GHOBHARNÓIRÍ AGUS CHAOMHNÓIRÍ GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN:



MICHAEL CUSH,
CATHAOIRLEACH
12 NOLLAIG 2019



LYNDA CARROLL,
COMHALTA BOIRD
12 NOLLAIG 2019

Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Bhord Gobharnóirí agus Caomhnóirí Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann (an **Bord**), aithním ár bhfreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh á chothú agus á oibriú. Cuimsítear sa fhreagracht sin ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá an córas um rialú inmheánach deartha chun riosca a bhainistiú ag leibhéal réasúnta, seachas é a chur as an áireamh. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras um rialú inmheánach ach deimhniú réasúnach, nach deimhniú foriomlán é, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifead i gceart agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath go tráthúil. Próiseas leanúnach is ea an córas um rialuithe inmheánacha a chothú agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i nGailearaí Náisiúnta na hÉireann (an **Gailearaí**) don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018 agus go dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Airgeadais ag an mBord ar a bhfuil ceathrar comhaltaí, ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúchóireachta, agus is é Cathaoirleach an Bhoird duine amháin díobh. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste in 2018. Soláthraíonn an Coiste tuarascáil bhliantúil a scaiptear ar chomhaltaí an Bhoird.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ag an nGailearaí freisin, feidhm atá maoinithe a dhóthain agus a réachtálann clár oibre comhaontaithe leis an gCoiste Iniúcháireachta, Riosca agus Airgeadais. Ullmhaítear an clár oibre ag féachaint do thorthaí na n-athbhreithnithe iniúcháireachta inmheánaí roimhe; do rioscaí an tionscail; agus don chlár rioscaí; agus déantar é a plé agus a chomhaontú leis an gCoiste ansin. In 2018, ullmhaíodh an fheidhm sin i gcomhairle le Deloitte.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag an gCoiste, ina leagtar amach an inghlachtacht riosca, an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus ról agus freagrachtaí na mball foirne maidir le riosca. Tá cóip den pholasaí eisithe chuig gach ball foirne, agus táthar ag súil go n-oibreoidís laistigh dá théarmaí, go gcuirfidís an lucht bainistíochta ar an eolas maidir le rioscaí a thiocthadh chun cinn, go ndéanfaidís laigí a rialú agus go nglacfaidís freagracht as rioscaí agus as rialuithe ina réimsí féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an nGailearaí a aithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta a ghlahtar chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú, sa mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí roimh an ghailearaí agus rinneadh na rioscaí siúd a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Aithníonn an clár rioscaí cineálacha éagsúla riosca, lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, oibriúcháin, airgeadais agus cáile roimh an eagraíocht agus na rialuithe reatha agus na bearta breise atá de dhíth chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú sa chás go dtarlódh riosca. Déanann an Fhoireann Bhainistíochta

Feidhmiúcháin an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn leanúnach. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun pleanáil a dhéanamh agus chun acmhainní a leithdháileadh le cinntiú go ndéanfaí rioscaí a bhainistiú ag leibhéal inghlactha. Leagtar amach sa chlár rioscaí na rialuithe agus na bearta atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus na freagrachtaí as rialuithe a fheidhmiú a shanntar ar bhaill foirne ar leith.

Cuireann Deloitte tuarascálacha cuimsitheacha iniúcháireachta inmheánaí ar fáil atá dírithe ar réimsí ardriosca, ach leis an gcuspóir foriomlán measúnú a dhéanamh ar rialuithe i mór-réimsí uile gníomhaíochta an Ghailearaí thar thimthriall trí bliana. Ritheann an plean reatha iniúcháireachta inmheánaí ó Mheán Fómhair 2015 go Meán Fómhair 2018 agus rinneadh na hiniúchtaí sceidealaithe go léir do 2018. Rinneadh athbhreithniú ar Rialú Inmheánach Airgeadais in 2018. Ullmhaítear tuarascálacha de réir cur chuige iniúcháireachta inmheánaí Deloitte atá ar aon dul leis na caighdeáin atá leagtha síos ag Institiúid Chairte na nIniúcháirí Inmheánacha. Úsáideadh torthaí na n-iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha chun bonn eolais a chur faoin gClár Rioscaí nuashonraithe agus faoi Phlean Oibre Iniúcháireachta Inmheánaí 2018.

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm freisin, lena n-áirítear idirdhealú dualgas agus córas tarmligin agus freagrachta. Go háirithe:

- ✍ Tá córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm le buiséad faofa bliantúil a choimeádann an lucht ardbhainistíochta faoi athbhreithniú.
- ✍ Comhlíonann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn an feidhmiú airgeadais i gcoinne a mbíonn tuartha.

- ✍ Cuirtear an Clár Rioscaí in achoimre faoi bhráid an Choiste ARF ar bhonn tréimhsiúil agus déanann an Coiste ARF athbhreithniú air ina iomláine go bliantúil.
- ✍ Tá córais i bhfeidhm a bhfuil mar aidhm acu slándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- ✍ Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla um bainistíocht tionscadail i bhfeidhm.
- ✍ Déantar athbhreithniú rialta ar nósanna imeachta slándála chun an bailiúchán a chosaint.
- ✍ Déanann an Gailearaí deimhin de go mbíonn fócas a dhóthain ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go mbíonn na nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha go léir a chinntiú.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don Bhord agus don lucht bainistíochta, nuair is ábhartha. Deimhním go bhfuil na córais leanúnacha mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- ✍ Tá príomhrioscaí agus rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú,
- ✍ Tá socrúithe tuairiscithe curtha ar bun ar na leibhéil go léir ag a shanntar freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- ✍ Comhlíonann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais a léiríonn an feidhmiú i gcoinne buiséad/tuartha.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an nGailearaí chun comhlíonadh rialacha agus treoirlínte reatha soláthair a chinntiú, lena n-áirítear plean soláthair chorparáidigh agus plean oibríochtúil soláthair agus le linn 2018, gur chloígh an Gailearaí leis na nósanna imeachta sin.


Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an nGailearaí chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta rialaithe agus bainistíochta riosca. Déanann obair na n-iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste ARF a mhaoirsíonn a gcuid oibre agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Ghailearaí, atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothú, eolas do mhonatóireacht agus athbhreithniú an Ghailearaí ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2018.

Trí na próisis atá léirithe thuas, deimhníonn an Coiste ARF go bhfuil an Bord sásta le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm maidir leis an mbliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018, bunaithe ar athbhreithniú a rinne Deloitte ar an 21 Eanáir 2019.

THAR CEANN GHOBHARNÓIRÍ AGUS CHAOMHNÓIRÍ GHAILEARAÍ NÁISIÚNTA NA HÉIREANN:



MICHAEL CUSH,
CATHAOIRLEACH
12 NOLLAIG 2019



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Comptroller and Auditor General

Report for presentation to the Houses of the Oireachtas

National Gallery of Ireland

Opinion on the financial statements

I have audited the financial statements of the National Gallery of Ireland for the year ended 31 December 2018 as required under section 35 of the National Cultural Institutions Act 1997. The financial statements comprise

- the statement of income and expenditure
- the statement of comprehensive income
- the statement of financial position
- the statement of changes in reserves and capital account
- the statement of cash flows and
- the related notes, including a summary of significant accounting policies.

